C/2024/3975

21.6.2024

FÓGRA

Treoraíocht do na Ballstáit maidir leis na Ceanglais Faisnéise le haghaidh Pleananna Fioscacha-Stuchtúracha Meántéarmacha agus le haghaidh na dTuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn

(C/2024/3975)

Le Rialachán (AE) 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (dá ngairtear 'an Rialachán' anseo feasta), bunaítear 'chun cur chun feidhme éifeachtach agus faireachán iomchuí ar an Rialachán [sin] a áirithiú, ba cheart don Choimisiún treoraíocht thráthúil a sholáthar, tar éis dó tuairim a iarraidh ar an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit ina bpleananna fioscacha-struchtúracha meántéarmacha náisiúnta agus ina dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn. Ba cheart an treoraíocht sin a chur ar fáil don phobal.' Coimeádtar treoraíocht san fhógra seo. Tugadh an tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais an 7 Meitheamh 2024 agus thug an Coimisiún faoi deara é.

Tá sé beartaithe leis an treoraíocht seo cabhrú leis na Ballstáit Rialachán (AE) 2024/1263 a chur i bhfeidhm. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus í sin amháin, atá inniúil ar dhlí an Aontais a léirmhíniú go húdarásach.

CUID A

CEANGLAIS FAISNÉISE MAIDIR LEIS NA PLEANANNA FIOSCACHA-STRUCHTÚRACHA MEÁNTÉARMACHA

1. Réamhrá

Baineann an treoraíocht sin le forálacha an Rialacháin maidir le hábhar na bpleananna fioscacha-struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta (anseo feasta, 'MTP', 'na pleananna meántéarmacha' nó go simplí 'na pleananna'). Cuirtear treoraíocht ar fáil léi do na Ballstáit maidir lena bpleananna a ullmhú, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas: conas na pleananna a ullmhú ar bhealach lena n-áiritheofar an tiomantas polaitiúil iomchuí agus an úinéireacht náisiúnta iomchuí, agus an t-ualach tuairiscithe á theorannú ag an am céanna; an fhaisnéis is gá don Choimisiún chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a urramaítear nó nach n-urramaítear ceanglais an Rialacháin leis na gealltanais fhioscacha; an fhaisnéis a bheidh le tíolacadh maidir le gealltanais infheistíochta agus athchóirithe chun taca a chur faoi shíneadh na gconairí coigeartaithe fhioscaigh; agus an fhaisnéis atá le cur san áireamh i bhfreagairt na mBallstát ar na moltaí tírshonracha (CSRanna) (lena n-áirítear faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha) agus ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais.

Ba cheart an treoraíocht sin maidir le ceanglais faisnéise le haghaidh na bpleananna meántéarmacha a léamh in éineacht leis an treoraíocht maidir le tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn. Tá an chuid is mó de na táblaí sna pleananna meántéarmacha agus sna tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn comhchosúil, agus líon difriúil blianta á gcumhdach acu, le figiúirí a bhfuil stádas difríochta acu (toradh, meastachán, gealltanais réamhaisnéise nó beartais) agus lena n-áirítear níos mó sonraí nó níos lú sonraí.

De mheon na húinéireachta náisiúnta, ní thugann an treoraíocht seo le fios go bhfuil struchtúr múnla docht ann do na pleananna. Tá sé de shaoirse ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le breac-chuntas beacht agus leibhéal mionsonraithe a bpleananna — ós rud é go bhféadfadh riachtanais éagsúla a bheith acu chun a gcríoch náisiúnta — ar choinníoll go bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear leis an Rialachán sna pleananna agus go bpléitear san fhógra seo iad. Chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit na pleananna a ullmhú, tugtar forléargas sa treoraíocht seo ar na heilimintí atá le cur san áireamh agus atá fíor-riachtanach don Choimisiún chun measúnú cuí a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin, chomh maith le teimpléid le haghaidh na dtáblaí ina bhfuil an fhaisnéis riachtanach. Ar deireadh ba cheart go gcuimseofaí sna pleananna — ar mhodh soiléir — an fhaisnéis is gá chun cur ar chumas na Comhairle agus an Choimisiúin a chinneadh cé acu a urramaítear nó nach n-urramaítear na pleananna leis na cuspóirí agus leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán agus chun na pleananna a fhormhuiniú le Moladh ón gComhairle, a ndéanfar faireachán ar a chur chun feidhme ([1]).

([1]) Féadfaidh na Ballstáit cúnamh a iarraidh tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil chun acmhainneacht agus saineolas a fhorbairt i réimsí bainistíochta airgeadais phoiblí is ábhartha d'ullmhú a bpleananna. D'fhéadfaí a áireamh orthu sin, *inter alia*, cleachtais bhuiséadaithe mheántéarmacha, athbhreithnithe caiteachais, anailís ar inbhuanaitheacht fiachais, agus táirgeadh staitisticí fioscacha agus maicreacnamaíocha.

Is é an ghné lárnach i bplean meántéarmach an gealltanas a bhaineann le ráta fáis an ghlanchaiteachais phríomhúil a mhaoinítear go náisiúnta (dá ngairtear 'glanchaiteachas' anseo feasta). Ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar eilimintí timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile ([2]). Sna pleananna, geallann na Ballstáit go gcoinneoidh siad glanchaiteachas i dtéarmaí ainmniúla faoi bhun rátaí fáis bliantúla (agus, dá bhrí sin, faoi bhun rátaí fáis carnacha ([3])) lena n-áiritheofar comhlíonadh na gceanglas maidir le hinbhuanaitheacht fiachais agus lena n-urramófar na coimircí. Chun an gealltanas sin a chomhlíonadh, féadfaidh rialtas rogha a dhéanamh idir srian ar chaiteachas agus/nó méaduithe lánroghnacha ar ioncam. Ba cheart plé a dhéanamh sa phlean meántéarmach ar an straitéis eacnamaíoch agus fhioscach (bearta ioncaim agus/nó caiteachais, infheistíochtaí, athchóirithe struchtúracha, etc.) a bhfuil sé beartaithe acu é a chur chun feidhme chun a áirithiú go gcomhlíonfar gealltanais an phlean. De ghnáth, is féidir leis na Ballstáit níos mó sonraí a chur ar fáil maidir leis an straitéis sin le haghaidh luath-bhlianta an phlean ([4]). I gcomhréir le cleachtais na mBallstát, deimhneofar nó modhnófar leis na buiséid bhliantúla ansin, agus cainníochtófar, na hionstraimí beartais beachta lena n-áiritheofar go gcloífear leis an ngealltanas.

Seicliosta le haghaidh eilimintí atá le cumhdach sna pleananna

	An bunús dlí sa Rialachán	Cumhdaithe i Roinn:	Cumhdaithe i dTábla:
Conair ghlanchaiteachais ilbhliantúil (lena n-áirítear urraim d'athléimneacht easnaimh agus do choimircí inbhuanaitheachta fiachais), chomh maith le ...	Airteagail 7; 8; 13(a)	Ranna 2.2; 2,4	MTP Table 1a; Tábla MTP 4
... na toimhdí bunúsacha maicreacnamaíocha agus ...	Airteagal 13(a)	Ranna 2.2; 2.3	MTP Table 1b; MTP Table 2
... na bearta fioscacha-stuchtúracha atá beartaithe.	Airteagal 13(a)	Roinn 2.6	MTP Table 8
An chonair thagartha nó an fhaisnéis theicniúil arna tarchur ag an gCoimisiún.	Airteagal 13(b)	Roinn 2.9	
I gcás ina n-áirítear sa phlean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta conair ghlanchaiteachais níos airde ná mar atá sa chonair thagartha arna heisiúint ag an gCoimisiún, argóintí eacnamaíocha fónta agus sonraíbhunaithe lena mínítear an difríocht.	Airteagal 13(b)	Roinn 2.9	
Infheistíochtaí agus athchóirithe a fhreagraíonn do na príomhdhúshláin a sainaithníodh faoin seimeastar Eorpach – go háirithe na moltaí tírshonracha (CSRanna) – agus lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais.	Airteagal 13(c)	Roinn 2.6	MTP Table 8; MTP Table 9
Gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar CSRanna atá ábhartha don nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha (MIP) agus rabhaidh ón gCoimisiún / moltaí ón gComhairle.	Airteagal 13(d)	Roinn 2.6	MTP Table 8; MTP Table 9
Tionchar na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe a cuireadh chun feidhme cheana féin.	Airteagal 13(f)	Ranna 2.3; 2.4	

([2]) Féach Airteagal 2(2) den Rialachán.

([3]) I gcomhréir le hAirteagal 22(2) den Rialachán, cuirfidh an Coimisiún cuntas rialaithe ar bun chun súil a choinneáil ar dhialltaí carnacha suas agus síos an ghlanchaiteachas bhreathnaithe ón gconair ghlanchaiteachais arna leagan síos ag an gComhairle, a athshocrófar tar éis don Chomhairle plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta nua a fhormhuiniú.

([4]) Nuair a chuirtear plean isteach thart ar an am céanna leis an dréachtbhuiséad bliantúil don bhliain atá le teacht, ba cheart na figiúirí a thuairiscítear sa phlean a bheith comhsheasmhach leis na sonraí a leagtar amach sa dréachtbhuiséad bliantúil.

	An bunús dlí sa Rialachán	Cumh-daithe i Roinn:	Cumhdaithe i dTábla:
Faisnéis a bhaineann leis na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha agus buiséadacha, ...	Airteagal 13(g)	Ranna 2.2; 2.3; 2.4	MTP Table 1b
… na dliteanais intuigthe agus theagmhasacha, …	Airteagal 13(g)	Roinn 2.5; 2.7	MTP Table 7
... leibhéal réamh-mheasta na hinfheistíochta poiblí arna maoiniú go náisiúnta, ...	Airteagal 13(g)	Roinn 2.4	MTP Tábla 4
… riachtanais infheistíochta poiblí lena n-áirítear na riachtanais sin a bhaineann le tosaíochtaí coiteanna an Aontais, ...	Airteagal 13(g)	Roinn 2.6	MTP Table 10
... comhairliúcháin leis na parlaimintí náisiúnta agus an próiseas comhairliúcháin arna eagrú, ...	Airteagal 13(g) Airteagal 11	Roinn 2.1	
... comhsheasmhacht agus, i gcás inarb iomchuí, comhlántacht le cistí an bheartais chomhtháthaithe agus le Plean Téarnaimh agus Athléimneachta an Bhallstáit lena mbaineann.	Airteagal 13(g)	Ranna 2.1; 2.6	MTP Table 9
Tionchar thacar na n-athchóirithe agus na ngealltanas infheistíochta atá mar bhonn taca le síneadh ar acmhainneacht fáis agus athléimneachta, ar inbhuanaitheacht fhioscach agus ar infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta.	Airteagail 14.2; 13(g)	Roinn 2.6	
Faisnéis faoin gcaoi a dtugann na hathchóirithe agus na gealltanais infheistíochta atá mar bhonn taca faoi shíneadh aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais agus ar na moltaí tír-shonracha ábhartha (lena n-áirítear iad sin a eisítear faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha), agus, ...	Airteagal 14.2	Roinn 2.6	MTP Table 8
... maidir le gach ceann de na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin, tuairisc shoiléir, amlíne, agus, i gcás inarb ábhartha, táscairí.	Airteagal 14.3; 13(e)	Roinn 2.6	MTP Table 8
Comhsheasmhacht thacar na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí le haghaidh síneadh le gealltanais a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) formheasta agus sa Chomhaontú Comhpháirtíochta a comhaontaíodh sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil.	Airteagal 14.4	Roinn 2.6	MTP Table 8
Má tá an plean ina phlean gníomhaíochta ceartaithí faoi EIP/MIP, an ghníomhaíocht beartais sonrach (atá le) cur chun feidhme agus amchlár le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin.	Airteagal 31	Roinn 2.8	MTP Table 11
Socruithe sealadacha: Gealltanais RRP atá le cur san áireamh	Airteagal 36	Roinn 2.6	MTP Table 8; MTP Table 9

2. **Inneachar an Phlean**

Baineann an treoraíocht seo úsáid as roinnt coinbhinsiún agus tagairt á déanamh do thréimhse ama na bpleananna. Is é an coinbhinsiún sna táblaí gurb í an bhliain T an bhliain a chuirtear an plean isteach (*bliain an phlean*). Bíonn gá i gcónaí le sonraí iomlána don bhliain T-1 (an bhliain is déanaí le sonraí olltoraidh, a fheidhmíonn mar *bhonnbhliain*) ([5]). Is í an bhliain T+1 *an chéad bhliain iomlán de chur chun feidhme an phlean*. Dá bhrí sin, cumhdaíonn plean 4 bliana na blianta go dtí T+4 agus socraítear leis gealltanas fioscach (conair ghlanchaiteachais) go dtí an bhliain sin ([6]).

Cé gur tréimhse 4 bliana atá sa tréimhse chaighdeánach pleanála le haghaidh plean, ba cheart do na Ballstáit pleananna a chur isteach lena gcumhdaítear 5 bliana má thagann ailíniú níos fearr lena dtimthriall reachtach as sin (Airteagal 2(6)). Sa chuid eile den doiciméad seo, tuigfear i gcónaí go gcumhdaítear pleananna 5 bliana leis na tagairtí do phleananna 4 bliana nuair is iomchuí ([7]). Plean lena ngabhann conair choigeartaithe fhadaithe (agus, dá bhrí sin, conair choigeartaithe níos céimsí) suas le 7 mbliana, agus gealltanais athchóirithe agus infheistíochta mar bhonn taca leis, tá tréimhse phleanála 4 bliana nó 5 bliana aige freisin.

2.1. *Formhuiniú polaitiúil, próiseas comhairliúcháin agus comhlántacht le cistí an Aontais*

Soláthrófar faisnéis sa phlean maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin a eagraítear sula gcuirtear an plean isteach (Airteagal 11; Airteagal 13(g)). Chun an úinéireacht náisiúnta a neartú, ba cheart do na Ballstáit próiseas comhairliúcháin a reáchtáil leis an tsochaí shibhialta, leis na comhpháirtithe sóisialta, leis na húdaráis réigiúnacha agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile, i gcomhréir leis an gcreat náisiúnta. Sula dtíolacfaidh sé an plean, féadfaidh gach Ballstát tuairim a iarraidh freisin ón institiúid fhioscach neamhspleách maidir leis an bplean ([8]), agus/nó an dréachtphlean a phlé lena pharlaimint náisiúnta. Mar chuid de na forálacha idirthréimhseacha in Airteagal 36(c), don chéad tacar de phleananna meántéarmacha, *féadfaidh* na Ballstáit comhairliúchán poiblí a dhéanamh le comhpháirtithe sóisialta, le húdaráis réigiúnacha, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le páirtithe leasmhara náisiúnta ábhartha eile.

Ba cheart míniú a thabhairt sa phlean ar an gcomhsheasmhacht agus, i gcás inarb infheidhme, ar an gcomhlántacht le cistí comhtháthaithe agus (le linn a shaolré) leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta (RRP) (Airteagal 13(g)). Mar bheartas infheistíochta fadtéarmach bhuiséad an Aontais, ba cheart infheistíochtaí agus athchóirithe sa bheartas comhtháthaithe a chur san áireamh go cuí agus na pleananna meántéarmacha á dtarraingt suas. D'fhéadfadh an plean tuairisc úsáideach a thabhairt ar na réimsí idirghabhála a dtacaítear leo ó chistí an bheartais comhtháthaithe, chomh maith le tuairisc ar an gcaoi a rannchuidíonn infheistíochtaí agus athchóirithe atá beartaithe le cuspóirí comhtháthaithe. Mar chuid de na socruithe idirthréimhseacha le linn shaolré na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, ba cheart míniú a thabhairt sa phlean freisin ar an gcaoi a bhfuil sé comhsheasmhach agus, i gcás inarb infheidhme, comhlántach le RRP an Bhallstáit; agus conas go bhfeádfadh infheistíochtaí agus athchóirithe nua faoin bplean meántéarmach cur leo siúd atá curtha chun feidhme cheana féin leis na RRPanna nó iad a fheabhsú ar bhealach úsáideach.

2.2. *Forléargas ar an ngealltanas fioscach agus achoimre ar na príomhathróga maicreacnamaíocha agus buiséadacha*

A luaithe a bheidh measúnú déanta ar an bplean agus a bheidh sé formhuinithe, is é atá sa chonair ghlanchaiteachais arna socrú ag an gComhairle ina Moladh an tagairt oibríochtúil aonair le haghaidh faireachas fioscach le linn na céime cur chun feidhme. Is é gealltanas fioscach láir an phlean an glanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta a choinneáil faoi bhun rátaí fáis bliantúla (agus, dá bhrí sin, faoi bhun rátaí fáis carnacha) lena n-áiritheofar comhlíonadh na gceanglas maidir le hinbhuanaitheacht fiachais agus lena n-urramófar na coimircí. An sriantacht buiséid atá ann, agus is ann a mhaireann an beartas fioscach náisiúnta le linn thréimhse pleanála an phlean. Le MTP Table 1a leagtar amach an gealltanas sin (Airteagal 13(a)). Nuair a chuirtear plean isteach i mbliain T (bliain an phlean), tá na rátaí fáis carnacha fréamhaithe ar leibhéal an ghlanchaiteachais i mbliain T-1 (bonnbhliain) — an bhliain

([5]) Má chuirtear plean isteach ag tús na bliana, idir Eanáir agus Márta na bliana T, cuir i gcás, sula bhfoilseoidh Eurostat agus na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta sonraí olltoraidh don bhliain T-1, is iomchuí na rátaí fáis carnacha a dhaingniú ar leibhéil na bliana T-2. I gcásanna den sórt sin, is é T-2 (seachas T-1) ba cheart a bheith i mbonnbhliain na dtáblaí a luaitear sa treoraíocht seo.

([6]) Ba cheart scoithdháta na sonraí agus na faisnéise eile a chuirtear san áireamh le haghaidh na réamh-mheastachán maicreacnamaíoch agus buiséadach a lua sa phlean agus ba cheart úsáid a bhaint as na sonraí foilsithe is déanaí atá ar fáil ag an scoithdháta sin.

([7]) De bhun Airteagal 15(1), d'fhéadfadh tréimhse ama an phlean a bheith níos giorra i gcásanna áirithe: *'Tráth nach déanaí ná 12 mhí roimh dheireadh an phlean fhioscaigh-struchtúraigh mheántéarmaigh náisiúnta reatha, féadfaidh Ballstát a iarraidh plean fioscach-struchtúrtha meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin roimh dheireadh na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta más ann do chúinsí oibiachtúla lena gcuirtear bac ar a chur chun feidhme laistigh den tréimhse sin. Sa chás sin, cumhdófar leis an bplean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe an tréimhse go dtí deireadh thréimhse thosaigh an phlean.'*

([8]) Má tá sí ar fáil, ba cheart tuairim na hinstitiúide fioscaí neamhspleáiche a chur i gceangal le cur isteach an phlean mheántéarmaigh chuig an gCoimisiún (féach Roinn 2.9).

dheireanach a bhfuil sonraí olltoraidh ann ina leith arna bhfoilsiú ag na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus ag Eurostat. Bheadh plean 4 bliana ansin tiomanta de ghnáth do rátaí fáis bliantúla (agus, dá bhrí sin, carnacha) le haghaidh glanchaiteachais le haghaidh na bliana (T) a gcuirtear an plean isteach ina leith agus le haghaidh 4 bliana ina dhiaidh sin: T +1, T+2, T+3 agus T+4 ([9]). I gcás ina n-áirítear sa phlean conair ghlanchaiteachais níos airde ná an chonair thagartha arna heisiúint ag an gCoimisiún, ba cheart don Bhallstát argóintí eacnamaíocha fónta agus sonraíbhunaithe lena mínítear an difríocht a sholáthar ina phlean (féach freisin Roinn 2.9).

Comhlánaítear an tábla ina bhfuil na gealltanais le tábla forléargais ina ndéantar achoimre ar na réamh-mheastacháin le haghaidh na bpríomhathróg maicreacnamaíoch agus buiséadach (Airteagal 13(a), Airteagal 13(g)). Go háirithe, le MTP Table 1b tugtar le chéile na príomhathróga a thuairiscítear i dtáblaí eile den phlean (féach thíos), a bhfuil gá leo chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a bhaintear amach nó nach mbaintear amach na cuspóirí inbhuanaitheachta fiachais agus cé acu a urramaítear nó nach n-urramaítear na coimircí ann, leis an gconair ghlanchaiteachais atá beartaithe sa phlean .

Tábla MTP 1a

Gealltanas fioscach

			T-1	T	T+1	...	T+4
	Gealltanais						
1	Glanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta	(ráta fáis)		XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
2		(ráta fáis carnach)		ríofa	ríofa	...	ríofa

Nótaí: Ba cheart glanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta a thuairisciú i dtéarmaí ainmniúla.

MTP Table 1b

Príomhathróga

			T-1	T	T+1	...	T+4
			ráta fáis	ráta fáis	ráta fáis		ráta fáis
1	OTI ionchasach	MTP Table 2, line 26	XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
2	Díbhoilsceoir OTI	MTP Table 2, line 2	XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
			% OTI	% OTI	% OTI		% OTI
3	Glaniasachtú/glaniasachtaíocht	MTP Table 4, line 31	XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
4	Iarmhéid struchtúrtha	MTP Table 4, line 33	XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
5	Príomhchomhardú struchtúrtha	MTP Table 4, line 34	XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
6	Ollfhiachas	MTP Table 4, line 35	XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
7	Athrú ar ollfhiachas	MTP Table 4, line 36	XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%

Nótaí: Leis na príomhathróga i dMTP Table 1b, cuirtear ar a gcumas don Choimisiún agus don Chomhairle faireachán a dhéanamh ar cé acu a bhaintear amach nó nach mbaintear amach na cuspóirí agus na coimircí maidir le hinbhuanaitheacht fiachais leis an gconair ghlanchaiteachais atá beartaithe sa phlean. Sloinntear an tagairt oibríochtúil aonair do ghealltanas fioscach Ballstát i dtéarmaí rátaí fáis glanchaiteachais phríomhúil a mhaoinítear go náisiúnta (féach MTP Table 1a).

2.3. *Toimhdí maicreacnamaíocha*

Ba cheart faisnéis a sholáthar sa phlean meántéarmach maidir leis na réamh-mheastacháin agus na toimhdí maidir le príomhathróga maicreacnamaíocha, a bhfuil gá leo chun a mheas an gcomhlíontar na ceanglais dhlíthiúla maidir le hinbhuanaitheacht fiachais agus coimircí ina leith (Airteagal 13(a)). Áirítear leis sin réamh-mheastacháin maidir le fás *ionchasach* OTI, ([10]) chomh maith le toimhdí maidir leis an díbhoilsceoir OTI agus rátaí úis.

Ina theannta sin, ba cheart cás lárnach agus inchreidte a chur i láthair sa phlean maidir le fás OTI (fíor agus ainmniúil) agus, i gcás inar féidir, féadfar tuilleadh sonraí a sholáthar ann go roghnach maidir le comhdhéanamh na réamh-mheastachán OTI. Ba cheart an cás lárnach agus inchreidte a bheith comhsheasmhach le toimhdí an phlean (a luaitear thuas), leis an straitéis eacnamaíoch agus fhioscach a dtugtar tuairisc uirthi sa phlean, agus go háirithe, leis an gcoigeartú fioscach atá intuigthe leis an ngealltanas maidir le glanchaiteachas. An soláthar sonraí breise maidir le comhdhéanamh ionchais na réamh-mheastachán OTI, is ar bonn roghnach agus táscach amháin atá sé, toisc go mbeidh comhdhéanamh an fháis ag brath ar shonraíocht mhionsonraithe na mbeart, a bhféadfadh na sonraí go léir ina leith a bheith anaithnid ar feadh bhlianta uile an phlean ([11]).

([9]) Má chuirtear plean isteach ag tús bliana, idir Eanáir agus Márta na bliana T, cuir i gcás, féadfaidh an bhliain T feidhmiú mar an chéad bhliain den choigeartú fioscach, agus sa chás sin bheadh gealltanas sa phlean maidir le rátaí fáis glanchaiteachais le haghaidh na bliana T go T+3.

([10]) Agus an tionchar eisceachtúil a d'imir suaití eacnamaíocha le déanaí agus an éiginnteacht atá ann faoi láthair ar mheastacháin ar fhás féideartha á n-admháil, féadfaidh na Ballstáit sraitheanna níos cobhsaí ná na sraitheanna a bhíonn ann de thoradh na modheolaíochta a comhaontaíodh go comhchoiteann a úsáid, ar choinníoll go bhfuil údar cuí leis an úsáid sin de bharr argóintí eacnamaíocha agus go bhfuil an fás carntha le linn na tréimhse réamh-mheasta fós i gcomhréir le torthaí na modheolaíochta sin (Airteagal 36).

([11]) Féadfaidh seirbhísí an Choimisiúin leanúint de shonraí teicniúla a iarraidh maidir leis na hathróga sin i gcomhthéacs próisis eile, amhail na malartuithe teicniúla leis na Ballstáit mar chuid den réamhaisnéis ón gCoimisiún.

Na toimhdí maicreacnamaíocha — lena n-áirítear toimhdí maidir le fás OTI, boilsciú agus rátaí úis — ba cheart iad a bheith stuama. Ba cheart go léireodh fás iarbhír agus ainmniúil OTI na hidirghníomhaíochtaí idir coigeartú fioscach agus fás eacnamaíoch, agus dúnadh na mbearnaí aschuir. I gcás dialltaí ó na toimhdí a úsáidtear i gconair thagartha an Choimisiúin, ba cheart fianaise nó bonn cirt stóinseach a chur ar fáil. Go háirithe, má úsáideann na Ballstáit sonraí níos déanaí, nó sonraí atá difriúil ar bhealach eile, chun a rátaí úis agus a dtoimhdí i dtaobh an bhoilscithe a shocrú, ba cheart é sin a dhéanamh go comhsheasmhach ar fud na n-athróg uile sa phlean.

An dóigh a ndearnadh athchóirithe struchtúracha arna gcur chun feidhme le déanaí a mheas sna réamh-mheastacháin fáis fhéideartha, ba cheart í a bheith stuama. Mar gheall ar na héifeachtaí gaolmhara, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le plé mionsonraithe sna pleananna, go háirithe más rud é go n-imíonn na réamh-mheastacháin fáis fhéideartha go suntasach ó na réamh-mheastacháin a úsáidtear i gconair thagartha an Choimisiúin. I gcás den sórt sin, ní mór d'fhianaise fhónta shonraíbhunaithe tacú leis na dialltaí sin chun inchreidteacht an phlean a neartú.

Níor cheart an tionchar a mheastar a bheidh ag athchóirithe agus infheistíochtaí nár cuireadh chun feidhme go fóill (*lena n-áirítear* iad siúd atá mar bhonn taca le síneadh a chur le tréimhse an choigeartaithe fhioscaigh) ar ghníomhaíocht eacnamaíoch a chur san áireamh sna meastacháin ionchasacha ar OTI. Foráiltear leis an Rialachán (Airteagal 13 agus Aithris 34) go ndéanfar tionchar na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe, *a luaithe a chuirfear chun feidhme iad* laistigh de na pleananna meántéarmacha, a chur san áireamh go cuí amach anseo, lena n-áirítear i gceapadh pleananna ina dhiaidh sin. Níor cheart tionchar na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí *nár cuireadh* chun feidhme go fóill a chur san áireamh sna meastacháin ar OTI a d'fhéadfadh a bheith ann. Cé go bhfuil OTI ionchasach ar cheann de na hathróga is ábhartha chun an spás fioscach atá ar fáil a chinneadh, rannchuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin nár cuireadh chun feidhme go fóill le coigeartú fioscach níos céimsí agus na critéir maidir le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartaithe faoi Airteagal 14 á gcomhlíonadh. Mar sin féin, ba cheart faisnéis maidir leis an tionchar a mheastar a bheidh ag athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartaithe a phlé ar leithligh (féach Roinn 2.6), agus é ar an eolas ag an am céanna gur deacair meastacháin iontaofa a dhéanamh ar thionchar na n-athchóirithe ar an bhfás féideartha beag beann ar na himthosca, go háirithe sula sonraítear na hathchóirithe ina n-iomláine (rud nach amhlaidh de ghnáth ach amháin tar éis an phróisis reachtaigh faoi seach a thabhairt i gcrích).

Tábla MTP 2

Cás maicreacnamaíoch

			T-1	T-1	T	T+1	...	T+4
	OTI	Cód ESA	bn NAC	ráta fáis	ráta fáis	ráta fáis		ráta fáis
1	Fíor-OTI	B.1*g		XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
2	Díbhoilsceoir OTI			XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
3	OTI ainmniúil	B.1*g	XX.X	ríofa	ríofa	ríofa	...	ríofa
	Comhpháirteanna an fhíor-OTI	Cód ESA	bn NAC	ráta fáis	ráta fáis	ráta fáis		ráta fáis
4	Caiteachas ar thomhaltas príobháideach	P.3		XX,X%	XX,X%	roghnach	...	roghnach
5	Caiteachas ar thomhaltas an rialtais	P.3		XX,X%	XX,X%	roghnach	...	roghnach
6	Ollfhoirmiú caipitil sheasta	P.51		XX,X%	XX,X%	roghnach	...	roghnach
7	Athruithe i bhfardail agus éadáil ghlan ar earraí luachmhara (% OTI)	P.52 + P.53		roghnach	roghnach	roghnach	...	roghnach
8	Onnmhairí earraí agus seirbhísí	P.6		XX,X%	XX,X%	roghnach	...	roghnach
9	Allmhairí earraí agus seirbhísí	P.7		XX,X%	XX,X%	roghnach	...	roghnach
	Rannchuidiú le fás ar fhíor-OTI							
10	Éileamh intíre chríochnúil			XX.X	XX.X	roghnach	...	roghnach
11	Athruithe i bhfardail agus éadáil ghlan ar earraí luachmhara (% OTI)	P.52 + P.53		XX.X	XX.X	roghnach	...	roghnach
12	Iarmhéid seachtrach earraí agus seirbhísí	B.11		XX.X	XX.X	roghnach	...	roghnach
	Díbhoilsceoirí agus HICP			ráta fáis	ráta fáis	ráta fáis		ráta fáis
13	Díbhoilsceoir ar thomhaltas príobháideach			XX,X%	XX,X%	roghnach	...	roghnach
14	p.m. HICP			XX,X%	XX,X%	roghnach	...	roghnach
15	Díbhoilsceoir ar thomhaltas rialtais			XX,X%	XX,X%	roghnach	...	roghnach
16	Díbhoilsceoir ar infheistíocht			XX,X%	XX,X%	roghnach	...	roghnach
17	Díbhoilsceoir ar phraghas onnmhairí (earraí agus seirbhísí)			XX,X%	XX,X%	roghnach	...	roghnach
18	Díbhoilsceoir ar phraghas allmhairí (earraí agus seirbhísí)			XX,X%	XX,X%	roghnach	...	roghnach
	An margadh saothair	Cód ESA	leibhéal	ráta fáis	ráta fáis	ráta fáis		ráta fáis
19	Fostaíocht intíre (1000 duine, cuntais náisiúnta)		XX.X	XX,X%	XX,X%	roghnach	...	roghnach
20	Meánlíon na n-uaireanta arna n-oibriú in aghaidh an duine fostaithe sa bhliain		XX.X	XX,X%	XX,X%	roghnach	...	roghnach
21	Fíor-OTI in aghaidh an duine fostaithe			ríofa	ríofa	ríofa	...	ríofa
22	Fíor-OTI in aghaidh na huaire arna hoibriú			ríofa	ríofa	ríofa	...	ríofa
23	Cúiteamh d'fhostaithe (bn NAC)	D.1	XX.X	XX,X%	XX,X%	roghnach	...	roghnach
24	Compensation per employee (= 23 / 19)		ríofa	ríofa	ríofa	ríofa	...	ríofa
				%	%	%		%
25	Ráta dífhostaíochta (%)			XX,X%	XX,X%	roghnach	...	roghnach
	OTI ionchasach agus comhpháirteanna			ráta fáis	ráta fáis	ráta fáis		ráta fáis
26	OTI ionchasach			XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
	Rannchuidiú le fás ionchasach							
27	Saothar			XX.X	XX.X	roghnach	...	roghnach
28	Caipiteal			XX.X	XX.X	roghnach	...	roghnach
29	Táirgiúlacht na bhfachtóirí uile			XX.X	XX.X	roghnach	...	roghnach
				% ionchasach OTI	% ionchasach OTI	% ionchasach OTI		% ionchasach OTI
30	Bearna aschuir			XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%

Tabhair do d'aire: Má chuirtear plean isteach sula bhfoilseoidh Eurostat agus na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta sonraí olltoraidh le haghaidh bhliain T-1, ba cheart gurb é T-2 (seachas T-1) an bhonnbhliain. Tagraíonn 'bn NAC' d'airgeadra náisiúnta sna billiúin.

Ba cheart na toimhdí seachtracha atá mar bhonn taca leis na réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha agus bhuiséadacha a lua sa phlean meántéarmach (MTP Table 3).

Tábla MTP 3

Toimhdí seachtracha

			T-1	T	T+1	...	T+4
1	Ráta úis gearrthéarmach	(%, meán bliantúil)	XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
2	Ráta úis fadtéarmach	(%, meán bliantúil)	XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
3	ráta malairte USD/EUR	(meán bliantúil)	XX.X	XX.X	roghnach	...	roghnach
4	Ráta malairte NAC/EUR (le haghaidh Ballstáit nach den limistéar euro iad am	(meán bliantúil)	XX.X	XX.X	roghnach	...	roghnach
5	Fíor-OTI an domhain (gan AE san áireamh)	(ráta fáis)	XX,X%	XX,X%	roghnach	...	roghnach
6	Fíor-OTI an Aontais	(ráta fáis)	XX,X%	XX,X%	roghnach	...	roghnach
7	Méideanna allmhairí an domhain, gan AE san áireamh	(ráta fáis)	XX,X%	XX,X%	roghnach	...	roghnach
8	Praghsanna ola	(Brent, USD/bairille)	XX.X	XX.X	roghnach	...	roghnach

2.4. *Réamh-mheastacháin bhuiséadacha*

Mar a luadh thuas, is é ráta fáis an ghlanchaiteachais gealltanas lárnach an phlean maidir le beartas fioscach sa mheántéarma. Na rátaí fáis bliantúla (agus, dá bhrí sin, na rátaí carnacha) a dtugann an rialtas gealltanas ina leith sa phlean, is iad an srian buiséadach ina maireann an beartas fioscach náisiúnta thar thréimhse pleanála an phlean. Dá bhrí sin, beidh ráta fáis an ghlanchaiteachais ina thagairt oibríochtúil aonair chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus chun gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a spreagadh ([12]).

Ba cheart an straitéis eacnamaíoch agus fhioscach le haghaidh thréimhse an phlean a phlé i dtéacs an phlean, rud atá mar bhonn taca faoin gcoigeartú fioscach gaolmhar. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a leagan amach comhdhéanamh foriomlán an choigeartaithe fhioscaigh, na mbeartas leathan ioncaim agus caiteachais atá beartaithe acu a shaothrú chun an coigeartú a bhaint amach agus, i gcás inar féidir, tacar táscach beart beartais a sholáthar, leis an méid is mó sonraí agus atá ar fáil tráth an tíolactha ([13]). Féadfaidh na Ballstáit a bheith in ann nó gan a bheith in ann, na bearta sonracha caiteachais agus ioncaim a léiriú lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar an gealltanas glanchaiteachais thar thréimhse an phlean. Cé go mbeidh an measúnú ar an bplean bunaithe ar fhás glanchaiteachais agus ar urramú na gceanglas sa Rialachán, chuirfeadh sonraí maidir le tacar táscach beart beartais le hinchreidteacht an phlean sin agus laghdóidís rioscaí cur chun feidhme. Pléitear straitéis eacnamaíoch agus fhioscach an phlean, chomh maith le haon sonraí maidir le bearta táscacha beartais, mar chuid den idirphlé teicniúil leis an gCoimisiún. Déantar sonraíocht bheacht na mbeart beartais ábhartha a dheimhniú nó a choigeartú agus a chainníochtú ansin sna buiséid bhliantúla.

Ba cheart na réamh-mheastacháin bhuiséadacha sa phlean a bheith dírithe ar na príomhpharaiméadair bhuiséadacha (amhail an t-easnamh ceannlíne agus an fiachas) ([14]). Ba cheart na paraiméadair sin a bheith comhsheasmhach leis na gealltanais bhuiséadacha agus leis na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha (amhail OTI féideartha, OTI, forbairtí praghsanna, rátaí úis, etc.). Sa bhreis ar an ráta fáis, an t-easnamh agus an fiachas glanchaiteachais, ba cheart don phlean meántéarmach tuairisciú a dhéanamh ar infheistíocht phoiblí atá beartaithe agus a mhaoinítear go náisiúnta (Airteagal 13(g)) agus ar chaiteachas úis. I gcás na mblianta T-1 agus T, MTP Table 4 agus MTP Table 5 ba cheart tionchar buiséadach measta na mbeart ioncaim ([15]) agus na mbeart aonuaire (ar aon taobh ioncaim agus caiteachais araon) a shonrú. Is MTP Table 5, féidir bearta caiteachais (seachas bearta aonuaire) a chur san áireamh freisin, ach tá sé sin roghnach. Ba cheart cur síos mionsonraithe a dhéanamh sa phlean freisin ar na bearta aonuaire sa téacs.

Ní áirítear le caiteachas glan an caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú na gclár arna maoiniú ag an Aontas. Baineann cómhaoiniú náisiúnta na gclár arna gcistiú ag an Aontas leis na cistí sin de chuid an Aontais lena gcistítear cláir arna gcómhaoiniú ag na Ballstáit, i gcás ina n-áirítear ceanglas cómhaoinithe náisiúnta sa Rialachán lena mbunaítear an ciste faoi seach agus a n-eascraíonn caiteachas ginearálta rialtais as a gceanglas cómhaoinithe mar a thaifeadtar sna cuntais náisiúnta. Faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha (2021-2027), is é an cómhaoiniú náisiúnta a thagann faoin sainmhíniú thuas agus atá ábhartha do chur chun feidhme an Rialacháin caiteachas ginearálta náisiúnta rialtais ar chómhaoiniú clár faoi na hocht gciste a chumhdaítear le Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC) ([16]) agus leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa. Ní aon réamhbhreithiúnas é sin ar struchtú na gCreat Airgeadais Ilbhliantúil a bheidh ann amach anseo. Léirítear leis na deich gciste sin le chéile an caiteachas cómhaoiniúcháin náisiúnta atá ábhartha ó thaobh maicreacnamaíochta de arna thabhú ag an rialtas ginearálta. Níl an cómhaoiniú náisiúnta arna sholáthar ag an earnáil phríobháideach ábhartha maidir leis an eisiamh ón táscaire

([12]) Clárófar dialltaí ón gconair ghlanchaiteachais a mhol an Chomhairle sa chuntas rialaithe a bhainistíonn an Coimisiún.

([13]) Ba cheart do na Ballstáit a iarrann eisceacht ar an gclásal neamh-chúl-ualaithe (Airteagal 36(1)(e)) tuairisciú a dhéanamh freisin ar an gcaiteachas beartaithe a mhaoinítear le hiasachtaí STA.

([14]) Tá sé tábhachtach na difríochtaí i gcineál na bhfigiúirí easnaimh agus fiachais ceannlíne sna pleananna le haghaidh na mblianta go T+4 a chur san áireamh, i dtaca leis na difríochtaí i réamhaisnéisí an Choimisiúin, agus comparáid á déanamh idir na figiúirí faoi seach. Sa réamhaisnéis ón gCoimisiún, ní áirítear ar fhoireann an Choimisiúin ach tionchar na mbeart a shonraítear go leordhóthanach agus a fhógraítear go hinchreidte. Sna pleananna, ní éilítear ach cainníochtú na gcoigeartuithe fioscacha (cé go bhfuil aon chainníochtú ar na beartais mhionsonraithe ioncaim agus chaiteachais roghnach). Is é sin le rá, tá na réamh-mheastacháin bhuiséadacha sna pleananna bunaithe ar choigeartú fioscach fiú sula sonraítear agus sula bhfógraítear bearta mionsonraithe.

([15]) Trí thógáil, níl gá le sonraí maidir le bearta lánroghnacha caiteachais chun an táscaire fáis glanchaiteachais a ríomh. Déantar *glanchaiteachas* a ríomh bunaithe ar fhorbairtí caiteachais iomlána *glan ó bhearta ioncaim*. Ar an gcúis sin, áirítear bearta ioncaim go sainráite sna táblaí tuairiscithe. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, go bhfuil tosaíocht ionsuite ag an gcreat nua maidir le coigeartú a dhéantar trí ioncam nó trí chaiteachas. Níl ann ach toradh ar an gcaoi a sainmhínítear glanchaiteachas (i.e. caiteachas atá *glan* ó bhearta lánroghnacha ioncaim).

([16]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

glanchaiteachais. Ba cheart leibhéal an chómhaoinithe náisiúnta atá ábhartha don Rialachán (i.e., na méideanna atá le hasbhaint ó chomhiomlán an ghlanchaiteachais) a bheith bunaithe ar shonraí olltoraidh arna mbailíochtú ag Eurostat agus a bheith teoranta d'oibleagáidí cómhaoinithe náisiúnta atá socraithe sna comhaontuithe ábhartha idir na Ballstáit agus Institiúidí an Aontais. Ba cheart go meaitseálfadh an tuairisciú maidir le cómhaoiniú náisiúnta le haghaidh na bliana T-1 i dMTP Table 4 na méideanna a thuairiscigh agus a bhailíochtaigh Eurostat ([17]).

Tábla MTP 4

Réamh-mheastacháin bhuiséadacha

			T-1	T-1	T	T+1	...	T+4
	Ioncam	Cód ESA	bn NAC	% OTI	% OTI	% OTI		% OTI
1	Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí	D.2	XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
2	Cánacha reatha ar ioncam, ar rachmas, etc	D.5	XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
3	Ranníocaíochtaí sóisialta	D.61	XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
4	Ioncam reatha eile	(P.11+P.12+P.131) + D.39 + D.4 + D.7	XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
5	Cánacha caipitil	D.91	XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
6	Ioncam caipitil eile	D.92+D.99	XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
7	Total revenue (= 1+2+3+4+5+6)	TR	ríofa	ríofa	ríofa		...	
8	Ina measc: Aistrithe ón Aontas (**ioncam fabhraithe, seachas airgead**)	D.7AE+D.9AE	XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
9	Total revenue other than transfers from the EU (= 7-8)		ríofa	ríofa	ríofa		...	
10	p.m. Bearta ioncaim (incrimintí, gan bearta arna maoiniú ag an Aontas san áireamh)		XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
11	p.m. Ioncam aonuaire san áireamh sna réamh-mheastacháin (leibhéil, gan bearta a mhaoiníonn an tAontas)		XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
	Caiteachas	Cód ESA	bn NAC	% OTI	% OTI	% OTI		% OTI
12	Cúiteamh d'fhostaithe	D.1	XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
13	Tomhaltas idirmheánach	P.2	XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
14	Caiteachas ar ús	D.41	XX.X	XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
15	Tairbhí sóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil	D.62	XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
16	Aistrithe sóisialta comhchineáil trí tháirgeoirí margaidh	D.632	XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
17	Fóirdheontais	D.3	XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
18	Caiteachas reatha eile	D.29 + (D.4-D.41) + D.5 + D.7 + D.8	XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
19	Ollfhoirmiú caipitil sheasta	P.51	XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
20	Ina measc: Infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta		XX.X	XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
21	Aistrithe caipitil	D.9	XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
22	Caiteachas caipitil eile	P.52+P.53+NP	XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
23	Total expenditure (= 12+13+14+15+16+17+18+19+21+22)	TE	ríofa	ríofa	ríofa		...	
24	Of which: Expenditure funded by transfers from the EU (= 8)	D.7AE+D.9AE	ríofa	ríofa	ríofa		...	
25	Nationally financed expenditure (23-24)		ríofa	ríofa	ríofa			
26	p.m. Cómhaoiniú náisiúnta na gclár arna maoiniú ag an Aontas		XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
27	p.m. Comhpháirt thimthriallach na sochar dífhostaíochta		XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
28	p.m. Caiteachas aonuaire san áireamh sna réamh-mheastacháin (leibhéil, gan bearta a mhaoiníonn an tAontas)		XX.X	XX,X%	XX,X%		...	
29	Net nationally financed primary expenditure (before revenue measures) (= 25-26-27-28-14)		ríofa	ríofa	ríofa		...	
	Glanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta				ráta fáis	ráta fáis		ráta fáis
30	Fás ar ghlanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta	MTP Table 1 a, line 1			athshonraithe	athshonraithe	...	athshonraithe
	Iarmhéideanna	Cód ESA	bn NAC	% OTI	% OTI	% OTI		% OTI
31	Net lending/borrowing (= 7-23)	B.9	XX.X	XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
32	Primary balance (= 31-14)	B.9-D.41p	ríofa	ríofa	ríofa	ríofa	...	ríofa
	Coigeartú timthriallach			% OTI	% OTI	% OTI		% OTI
33	Iarmhéid struchtúrtha			XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
34	Príomhchomhardú struchtúrtha			XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
	Fiachas		bn NAC	% OTI	% OTI	% OTI		% OTI
35	Ollfhiachas		XX.X	XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
36	Athrú ar ollfhiachas		XX.X	XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
37	Ranníocaíochtaí le hathruithe ar ollfhiachas							
38	Primary balance (= minus 32)			ríofa	ríofa	ríofa	...	ríofa
39	Éifeacht bhreisitheach			ríofa	ríofa	ríofa	...	ríofa
40	Interest expenditure (= minus 14)			ríofa	ríofa	ríofa	...	ríofa
41	Fás			ríofa	ríofa	ríofa	...	ríofa
42	Boilsciú			ríofa	ríofa	ríofa	...	ríofa
43	Stock-flow adjustment (= 36-38-39)			ríofa	ríofa	ríofa	...	ríofa
				%	%	%		%
44	p.m. Implicit interest rate on debt (= 14 / DEBT(t-1))			XX,X%	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%

Tabhair do d'aire: Má chuirtear plean isteach sula bhfoilseoidh Eurostat agus na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta sonraí olltoraidh le haghaidh bhliain T-1, ba cheart gurb é T-2 (seachas T-1) an bhonnbhliain. Is féidir líne 30 'glanfhás ar chaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta' a ríomh trí úsáid a bhaint as an bhfoirmle seo a leanas: $e_t = \frac{NE_t - REV_t}{NE_{t-1}} - 1 = \frac{(NE_t / GDP_t) - (REV_t / GDP_t)}{(NE_{t-1} / GDP_{t-1})} * (1 + g_t) - 1$, i gcás inarb é e_t fás an ghlanchaiteachais phríomhúil a

([17]) Bunóidh Eurostat agus an pobal staidrimh, i ndlúthchomhar leis na húdaráis bhuiséadacha náisiúnta, creat le haghaidh thuairisciú na mBallstát ar shonraí staitistiúla maidir le cómhaoiniú náisiúnta clár arna gcistiú ag an Aontas, ar sonraí iad atá riachtanach chun an rialachán a chur chun feidhme agus nach bhfuil bailithe fós ag Eurostat tráth a fhoilseofar an fógra seo. Féadfaidh na Ballstáit brath ar mheastacháin ar dtús, go dtí go mbunófar an creat chun sonraí den sórt sin a bhailiú agus a sholáthar.

mhaoinítear go náisiúnta (MTP Table 4, líne 30) le haghaidh na bliana *t*, inarb é NE_t / GDP_tagus NE_{t-1} / GDP_{t-1} fás an ghlanchaiteachais phríomhúil a mhaoinítear go náisiúnta (roimh bhearta ioncaim) mar sciar de OTI sna blianta *t* agus *t-1*, faoi seach (MTP Table 4, líne 29), inarb é REV_t/ GDP_tna bearta ioncaim mar sciar d'OTI sa bhliain *t* (MTP Table 4, líne 10),agus inarb é $g_t$an ráta fáis ainmniúil OTI sa bhliain *t* (MTP Table 2, líne 3).

Tábla MTP 5

An tionchar a mheastar a bheidh ag bearta lánroghnacha ioncaim

	Teideal/tuairisc an bhirt	Aonuair	Caiteachas / Ioncam	Fo-earnáil:		T-1	T	T+1	...	T+4
					Cód ESA	% OTI	% OTI	% OTI		% OTI
1	Beart 1	Tá	Caiteachas	roghnach	Cód	XX,X%	XX,X%		...	
...	...	...	...	...	...	...	...		...	
X	Beart X	Níl	Ioncam	roghnach	Cód	XX,X%	XX,X%		...	
Z	IOMLÁN					ríofa	ríofa		...	

Tabhair do d'aire: Gan bearta arna gcistiú ag an Aontas a áireamh. Ba cheart bearta a thuairisciú in incrimintí. Ba cheart bearta aonuaire a thaifeadadh i gcónaí mar bhearta a bhfuil éifeacht +/-X acu i mbliain an chéad tionchair bhuiséadaigh agus -/+ X sa bhliain dár gcionn, i.e. tá an tionchar foriomlán ar leibhéal na n-ioncam nó na gcaiteachas in dhá bhliain as a chéile cothrom le nialas. Ba cheart méaduithe (laghdú) ar chaiteachas agus ar ioncam araon a thuairisciú le comhartha deimhneach (diúltach). Má chuirtear plean isteach sula bhfoilseoidh Eurostat agus na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta sonraí olltoraidh le haghaidh bhliain T-1, ba cheart gurb é T-2 (seachas T-1) an bhonnbhliain.

Iarrtar ar na Ballstáit freisin, ar bhonn roghnach, na bearta ioncaim agus caiteachais a bhfuil sé beartaithe acu iad a shaothrú a leagan amach — i gcomhréir lena straitéis tháscach eacnamaíoch agus fhioscach — i dtábla (MTP Table 6). I gcás ina mbeidh sé ar fáil, féadfaidh na Ballstáit cainníochtú ar na tionchair fhioscacha a bhfuiltear ag súil leo a áireamh freisin; déanfar na cainníochtuithe sin a dheimhniú nó a athbhreithniú ansin sna buiséid bhliantúla.

Tábla MTP 6

Bearta táscacha ioncaim agus caiteachais atá beartaithe sa phlean

	Teideal/tuairisc an bhirt	An tionchar ar ioncam nó ar chaiteachas	An dáta atá beartaithe don chur chun feidhme
1	Beart 1	roghnach	RX 20XX
...	...	....	...
X	Beart X	roghnach	RX 20XX

2.5 *Réamh-mheastacháin fiachais*

Agus measúnú á dhéanamh aige ar na pleananna, ba cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh *i gcás na mBallstát uile* an gcomhlíonann an gealltanas glanchaiteachais na ceanglais agus na coimircí a áirítear sa reachtaíocht, nó an áirithíonn sé go bhfanfaidh an fiachas agus an t-easnamh ar leibhéil stuama sa mheántéarma (Airteagal 16). Sa chomhthéacs sin (agus i gcomhréir le hAirteagal 13), ba cheart réamh-mheastacháin fiachais agus easnaimh agus príomhthoimhdí maicreacnamaíocha bunúsacha go dtí deich mbliana tar éis dheireadh na tréimhse coigeartaithe (T+14 le haghaidh pleananna ceithre bliana; suas le T+17 i gcás síneadh) a thuairisciú sna pleananna (MTP Table 7a).

Tábla MTP 7a

Réamh-mheastacháin fiachais agus príomh-mheastacháin iarmhéid ceannlíne agus príomhthoimhdí bunúsacha (*faoin gconair fhioscach atá beartaithe*)

Le haghaidh gach Ballstáit:

				T-1	...	T+4	T+5	...	T+14/17
1	Ollfhiachas	MTP Table 4, line 35	(% OTI)	athshonraithe		athshonraithe	XX,X%	...	XX,X%
2	Príomhchomhardú rialtais ghinearálta	MTP Table 4, line 31	(% OTI)	athshonraithe		athshonraithe	XX,X%	...	XX,X%
3	Príomhchomhardú	MTP Table 4, line 32	(% OTI)	athshonraithe		athshonraithe	XX,X%	...	XX,X%
4	Príomhchomhardú struchtúrtha gan costas an aosaithe san áireamh		(% OTI)	XX,X%	...	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
5	Comhpháirt thimthriallach		(% OTI)	XX,X%	...	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
6	Bearta aonuaire		(% OTI)	ríofa	...	ríofa	XX,X%	...	XX,X%
7	Costas an aosaithe		(% OTI)	XX,X%	...	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
8	Ioncam ó mhaoin		(% OTI)	XX,X%	...	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
9	Caiteachas ar ús	MTP Table 4, line 14	(% OTI)	athshonraithe		athshonraithe	XX,X%	...	XX,X%
10	Ráta úis fadtéarmach	MTP Table 3, line 1	(%)	athshonraithe		athshonraithe	XX,X%	...	XX,X%
11	Ráta úis gearrthéarmach	MTP Table 3, line 2	(%)	athshonraithe		athshonraithe	XX,X%	...	XX,X%
12	An ráta úis intuigthe ar an meán	MTP Table 4, line 44	(%)	athshonraithe		athshonraithe	XX,X%	...	XX,X%
13	Coigeartú sreabhaidh i leith stoic	MTP Table 4, line 43	(% OTI)	athshonraithe		athshonraithe	XX,X%	...	XX,X%
14	OTI ainmniúil	MTP Table 2, line 3	(ráta fáis)	athshonraithe		athshonraithe	XX,X%	...	XX,X%
15	Díbhoilsceoir OTI	MTP Table 2, line 2	(ráta fáis)	athshonraithe		athshonraithe	XX,X%	...	XX,X%
16	Fíor-OTI	MTP Table 2, line 1	(ráta fáis)	athshonraithe		athshonraithe	XX,X%	...	XX,X%
17	OTI ionchasach	MTP Table 2, line 26	(ráta fáis)	athshonraithe		athshonraithe	XX,X%	...	XX,X%

Tabhair do d'aire: Má chuirtear plean isteach sula bhfoilseoidh Eurostat agus na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta sonraí olltoraidh le haghaidh bhliain T-1, ba cheart gurb é T-2 (seachas T-1) an bhonnbhliain.

***I gcás na mBallstát dá n-ullmhaíonn an Coimisiún conair thagartha,* ba cheart anailís íogaireachta a áireamh sna pleananna freisin ina léireofaí gur *inchreidte* é go bhfuil an fiachas réamh-mheasta ar chonair anuas nó go bhfuil sé fós ar leibhéal stuama.** Ba cheart an anailís íogaireachta sin a bheith bunaithe ar an modheolaíocht choiteann (*i.e.* na tástálacha struis cinnteachaíocha caighdeánacha agus an anailís stocastach – Airteagal 10) (MTP Table 7b) ([18]).

MTP Table 7b

Réamh-mheastacháin fiachais agus príomhathróga faoi strus, cásanna cinntitheacha agus ionsamhlúcháin stocastacha

Do na Ballstáit sin dá n-ullmhaíonn an Coimisiún conair thagartha, agus dóibh siúd amháin

	Financial stress scenario			T-1	...	T+4	T+5	...	T+14/17
1	Gross debt	MTP Table 4, line 35	(% GDP)	repeated	...	repeated	XX.X%	...	XX.X%
2	Long-term interest rate	MTP Table 3, line 1	(%)	repeated	...	repeated	XX.X%	...	XX.X%
3	Short-term interest rate	MTP Table 3, line 2	(%)	repeated	...	repeated	XX.X%	...	XX.X%
	Lower SPB scenario			**T-1**	**...**	**T+4**	**T+5**	**...**	**T+14/17**
4	Gross debt	MTP Table 4, line 35	(% GDP)	repeated	...	repeated	XX.X%	...	XX.X%
5	Structural primary balance	MTP Table 4, line 34	(% pot. GDP)	repeated	...	repeated	XX.X%	...	XX.X%
	Adverse 'r-g' scenario			**T-1**	**...**	**T+4**	**T+5**	**...**	**T+14/17**
6	Gross debt	MTP Table 4, line 35	(% GDP)	repeated	...	repeated	XX.X%	...	XX.X%
7	Long-term interest rate	MTP Table 3, line 1	(%)	repeated	...	repeated	XX.X%	...	XX.X%
8	Short-term interest rate	MTP Table 3, line 2	(%)	repeated	...	repeated	XX.X%	...	XX.X%
9	Real GDP	MTP Table 2, line 1	(growth rate)	repeated	...	repeated	XX.X%	...	XX.X%
10	Potential GDP	MTP Table 2, line 26	(growth rate)	repeated	...	repeated	XX.X%	...	XX.X%
	Stochastic simulations								
11	Probability of debt being below its value in T+4/7		(%)	XX.X%					

Tabhair do d'aire: Má chuirtear plean isteach sula bhfoilseoidh Eurostat agus na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta sonraí olltoraidh le haghaidh bhliain T-1, ba cheart gurb é T-2 (seachas T-1) an bhonnbhliain.

Má léiríonn an plean rátaí fáis glanchaiteachais níos airde ná mar atá sa chonair thagartha, nó an fhaisnéis theicniúil, nó i gcásanna ina bhfuil na toimhdí bunúsacha níos fabhraí ná na toimhdí coiteanna, ([19]) ba cheart do na Ballstáit tuairisc níos mionsonraithe a sholáthar ar na toimhdí maicreacnamaíocha foluiteacha. Tá gá leis an tuairisciú breise sin chun go bhfíoróidh an Coimisiún an féidir le hargóintí eacnamaíocha fónta agus sonraíbhunaithe míniú níos ginearálta a thabhairt ar an difríocht leis an gconair thagartha (Airteagal 13) nó leis an gcreat meántéarmach réamh-mheasta an fhiachais rialtais (Aithris 25), agus chun go mbeidh an Coimisiún in ann scrúdú cuí a dhéanamh maidir le cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na ceanglais (Airteagal 16). Áirítear leis sin (i) faisnéis maidir leis an mbonnline 'gan beartas fioscach a athrú' is bun leis an bplean (MTP Table 7c), *i.e.* an chonair bhonnline gan choigeartú,

([18]) Cuirfidh an Coimisiún na réamh-mheastacháin agus na toimhdí is bun leis na conairí tagartha in iúl in éineacht leis na conairí tagartha.
([19]) De réir Airteagal 9(1) (a) agus (b), tarchuirfidh an Coimisiún a thoimhdí bunúsacha chuig *na Ballstáit uile* – mar chuid dá threoir roimh ré.

rud a chiallaíonn go sonrach príomhchomhardú struchtúrach leanúnach i ndiaidh athruithe ar chostais aosaithe ó bhliain iomlán tosaigh chur chun feidhme an phlean ([20]), mar aon le (ii) faisnéis maidir leis na toimhdí bunúsacha i dtaobh struchtúr aibíochta an fhiachais, an ráta fuascailte, agus na haibíochtaí le haghaidh fiacha nua a eisiúint (MTP Table 7d) ([21]). Tá gá leis an tuairisciú breise sin ar mhaithe le hinmhacasamhlaitheacht réamh-mheastacháin na mBallstát, rud a chuirfidh ar chumas an Choimisiúin a mheas cé acu atá nó nach bhfuil na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 15 á gcomhlíonadh, agus atá nó nach bhfuil údar cuí leis na difríochtaí leis na conairí tagartha, nó le dialltaí ó na toimhdí coiteanna.

MTP Table 7c

Réamh-mheastacháin fiachas agus príomh-mheastacháin iarmhéid ceannlíne agus príomhthoimhdí bunúsacha (*faoi bhonnlíne 'gan athrú beartais neamhfhioscaigh'*)

I gcás na mBallstát sin amháin a bhfuil conair ghlanchaiteachais níos airde acu ná mar atá sa chonair thagartha, nó an fhaisnéis theicniúil, nó i gcásanna ina bhfuil na toimhdí bunúsacha níos fabhraí ná na toimhdí coiteanna.

	Fiachas	bn NAC	% OTI		% OTI	% OTI
35	Ollfhiachas	XX.X	XX,X%	...	XX,X%	roghnach
36	Athrú ar ollfhiachas	XX.X	XX,X%	...	XX,X%	roghnach
37	Ranníocaíochtaí le hathruithe ar ollfhiachas					
38	Primary balance (= minus 32)		ríofa	...	ríofa	roghnach
39	Éifeacht bhreisitheach		ríofa	...	ríofa	roghnach
40	Interest expenditure (= minus 14)		ríofa	...	ríofa	roghnach
41	Fás		ríofa	...	ríofa	roghnach
42	Boilsciú		ríofa	...	ríofa	roghnach
43	Stock-flow adjustment (= 36-38-39)		ríofa	...	ríofa	roghnach

Nóta: má chuirtear plean isteach sula bhfoilseoidh Eurostat agus na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta sonraí olltoraidh le haghaidh bhliain T-1, ba cheart gurb é T-2 (seachas T-1) an bhonnbhliain.

MTP Table 7d

Réamh-mheastacháin fiachais agus toimhdí breise (*faoin gconair fhioscach réamh-mheasta*)

I gcás na mBallstát sin amháin a bhfuil conair ghlanchaiteachais níos airde acu ná mar atá sa chonair thagartha, nó an fhaisnéis theicniúil, nó i gcásanna ina bhfuil na toimhdí bunúsacha níos fabhraí ná na toimhdí coiteanna.

				T-1	...	T+4	T+5	...	T+14/17
1	Ollfhiachas	MTP Table 4, line 35	(% OTI)	athshonraithe		athshonraithe	XX,X%	...	XX,X%
2	Príomhchomhardú rialtais ghinearálta	MTP Table 4, line 31	(% OTI)	athshonraithe		athshonraithe	XX,X%	...	XX,X%
3	Príomhchomhardú	MTP Table 4, line 32	(% OTI)	athshonraithe		athshonraithe	XX,X%	...	XX,X%
4	Príomhchomhardú struchtúrtha gan costas an aosaithe san áireamh		(% OTI)	XX,X%	...	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%
5	Comhpháirt thimthriallach		(% OTI)	XX,X%	...	XX,X%	XX,X%	...	XX,X%

Nóta: má chuirtear plean isteach sula bhfoilseoidh Eurostat agus na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta sonraí olltoraidh le haghaidh bhliain T-1, ba cheart gurb é T-2 (seachas T-1) an bhonnbhliain.

([20]) Féach an coinbhinsiún ag tús Roinn 2
([21]) Áirítear na réamh-mheastacháin agus na toimhdí sin sna scarbhileoga a sholáthraíonn an Coimisiún.

2.6. *Faisnéis faoi athchóirithe agus infheistíochtaí*

I gcás na mBallstát uile, ba cheart faisnéis a chur ar fáil sa phlean maidir leis na príomhathchóirithe agus na príomhinfheistíochtaí do na blianta amach romhainn (Airteagal. 13). Ba cheart míniú a thabhairt sa phlean ar an gcaoi a n-áiritheofar cur i gcrích infheistíochtaí agus athchóirithe lena bhfreagrófar ar a laghad do na ([22]) moltaí tírshonracha ábhartha arna ndíriú ar an mBallstát lena mbaineann (lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, moltaí arna n-eisiúint faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha), infheistíochtaí agus athchóirithe lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais, ([23]) agus, i gcás inarb infheidhme, rabhaidh ón gCoimisiún nó moltaí ón gComhairle de bhun Airteagal 121(4) CFAE. Áirítear orthu sin, mar shampla, bearta i réimsí sóisialta, sláinte, oideachais agus oiliúna, pinsin agus mhargadh an tsaothair, athchóirithe ar mhargadh na dtáirgí, athchóirithe cánach, taighde agus forbairt, beartais a chur chun cinn, nó infheistíochtaí móra sna haistrithe glasa agus digiteacha, ([24]) go háirithe iad siúd atá leagtha amach ag na Ballstáit ina bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (NECPanna) agus ina dtreochláir straitéiseacha Náisiúnta maidir leis an Deacáid Dhigiteach. Ba cheart plé a dhéanamh sa phlean ar na bealaí ina bhfreagraíonn na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin do na moltaí tírshonracha ábhartha agus aghaidh a thabhairt ar chomhthosaíochtaí ábhartha an Aontais. Chun é sin a chomhlánú, ba cheart tuairisc a thabhairt sa phlean ar riachtanais infheistíochta poiblí, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le tosaíochtaí coiteanna an Aontais (Airteagal 13(g)). Moltar do na Ballstáit freisin plé a dhéanamh ar thionchar na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí ar ghníomhaíocht eacnamaíoch, ar athléimneacht agus ar inbhuanaitheacht na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i gcuid shonrach den phlean ([25]).

Más infheidhme, ba cheart a áireamh sa phlean mionsonraí breise maidir leis na príomhathchóirithe agus na príomhinfheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur le tréimhse an choigeartaithe, lena n-áirítear bearta fioscacha-stuchtúracha (Airteagal 13) ([26]). D'fhéadfadh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin a bheith sa bhreis ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a chuirtear i láthair i gcomhréir le hAirteagal 13, nó d'fhéadfaidís a bheith ina bhfothacar díobh. Ba cheart dóibh na critéir shonracha bhreise maidir le síneadh a chomhlíonadh freisin, mar a chumhdaítear in Airteagal 14. Mar shampla, tá bearta sláinte, pinsin, bearta maidir leis an margadh saothair agus bearta scileanna, athchóirithe a chuireann leis an iomaíocht, aistrithe cánach nó bearta lena bhfeabhsaítear comhlíonadh cánach, taighde agus forbairt, beartais nó infheistíochtaí a chur chun cinn san aistriú glas agus san aistriú digiteach i measc na mbeart sin a d'fhéadfaí a chur san áireamh. Ba cheart na heilimintí seo a leanas a chumhdach i dtéacs an phlean chun comhlíonadh Airteagal 14 a léiriú:

i. measúnú ar thionchar an tacair athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin iarraidh ar shíneadh (a) maidir le feabhas a chur ar acmhainneacht fáis agus athléimneachta gheilleagar an Bhallstáit lena mbaineann ar bhealach inbhuanaithe, bunaithe ar thoimhdí inchreidte agus stuama; (b) maidir le tacú le hinbhuanaitheacht fhioscach, agus feabhas struchtúrach a chur ar an airgeadas rialtais sa mheántéarma, amhail cóimheas an chaiteachas rialtais in aghaidh OTI a laghdú nó cóimheas an ioncaim phoiblí in aghaidh OTI a mhéadú; agus (c) maidir lena áirithiú nach mbeidh leibhéal foriomlán beartaithe na hinfheistíochta poiblí arna maoiniú go náisiúnta thar shaolré an phlean mheántéarmaigh níos ísle ná an leibhéal meántéarmach roimh thréimhse an phlean sin, agus raon feidhme agus scála na ndúshlán tírshonrach á gcur san áireamh, lena n-áirítear sonraí agus réamh-mheastacháin i gcás inarb iomchuí ([27]);

ii. míniú ar an gcaoi a rannchuideoidh an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá beartaithe le haghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais agus ar na moltaí tírshonracha (lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, moltaí arna n-eisiúint faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha);

iii. faisnéis faoi phríomhchuspóir gach birt, na príomhchéimeanna ba cheart a ghlacadh chun an cuspóir a bhaint amach, na hamlínte gaolmhara, agus, i gcás inarb ábhartha, táscairí nó eilimintí eile ar féidir leo tacú leis an measúnú ar chur chun feidhme;

([22]) Is féidir a mheas go bhfuil gach moladh tírshonrach ábhartha, fad is nach bhfuil moladh 'iomlán' nó 'substaintiúil' déanta ag an mBallstát fós de réir bhrí chleachtadh faireachais an tSeimeastair Eorpaigh.

([23]) De bhun Airteagal 13(c) den Rialachán, ba cheart míniú a thabhairt sa phlean ar an gcaoi a dtabharfar aghaidh ar na comhthosaíochtaí seo a leanas de chuid an Aontais: (i) aistriú cothrom glas agus digiteach, lena n-áirítear comhsheasmhacht leis an Dlí Aeráide Eorpach; (ii) athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta; (iii) slándáil fuinnimh; agus (iv) i gcás inar gá, cumais chosanta a neartú.

([24]) Féadfaidh na Ballstáit uile cúnamh maidir le ceapadh agus cur chun feidhme a iarraidh tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil.

([25]) Féach na Ranna thuas 2.3 agus 2.4, faoin gcaoi ar cheart nó nár cheart tionchar athchóirithe agus infheistíochtaí a chorprú sna réamh-mheastacháin OTI ionchasacha.

([26]) Ba cheart do gach ceann de na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca le síneadh a chur le tréimhse an choigeartaithe critéir Airteagal 14(3) a chomhlíonadh, lena n-áirítear na critéir chun a bheith mionsonraithe go leordhóthanach, tús-ualaithe, faoi cheangal ama agus infhíoraithe.

([27]) Ba cheart fad na tréimhse tagartha don leibhéal infheistíochta meántéarmach a bheith sna 4 bliana dheireanacha roimh thús an phlean mheántéarmaigh, mura rud é go n-áitítear sa phlean tréimhse ama dhifriúil a úsáid bunaithe ar bhonn cirt fónta. Dá bhrí sin, ba cheart an figiúr sin a thuairisciú i dtéacs an phlean.

iv. míniú maidir leis an gcaoi a bhfuil tacar na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh comhsheasmhach le gealltanais a áirítear sna cláir faoi na Comhaontuithe Comhpháirtíochta a comhaontaíodh sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil ([28]).

Ba cheart na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí ábhartha a thuairisciú i gceann amháin de dhá thábla. Ba cheart na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartaithe i gcomhréir le hAirteagal 14 a thuairisciú i dMTP Table 8. Ba cheart aon athchóiriú agus infheistíocht eile — a chuirtear i láthair i gcomhréir le hAirteagal 13 — a thuairisciú i dMTP Table 9 ([29]). ba cheart colún tiomnaithe a bheith san áireamh le MTP Table 8 agus MTP Table 9 ina léirítear cé acu a thugtar nó nach dtugtar tacaíocht d'athchóiriú nó d'infheistíocht faoi scáth a Chomhaontuithe Comhpháirtíochta.

Ba cheart tuairisc a thabhairt sa phlean ar an ngníomhaíocht atá á déanamh ag an mBallstát chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha arna n-eisiúint faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha (Airteagal 13(d)). Más infheidhme, ba cheart tuairisc a thabhairt sa phlean ar an ngníomhaíocht atá á déanamh ag an mBallstát nó atá beartaithe aige a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar a mhíchothromaíochtaí nó ar a mhíchothromaíochtaí iomarcacha ar bhealach atá soiléir, comhtháite agus so-aitheanta.

Ba cheart faisnéis a áireamh sa phlean maidir leis na naisc idir athchóirithe agus infheistíochtaí atá beartaithe agus iad siúd atá san áireamh cheana féin sna RRPanna. Chun comhsheasmhacht agus comhlántacht leis na RRPanna a áirithiú, ba cheart míniú a thabhairt sa phlean ar na naisc idir athchóirithe agus infheistíochtaí atá beartaithe agus iad siúd atá san áireamh cheana féin sna RRPanna náisiúnta.

Ar feadh shaolré na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (STA), cuirtear gealltanais a áirítear in RRPanna san áireamh chun síneadh a chur leis an tréimhse choigeartaithe, faoi choinníollacha áirithe (Airteagal 36(1)(d)). Go háirithe, ba cheart míniú a thabhairt sa phlean freisin ar an gcaoi a bhfuil an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh comhsheasmhach leis na gealltanais a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta formheasta (Airteagal 14(4)). D'fhéadfadh na pleananna meántéarmacha a bheith ina ndeis freisin chun na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a neartú a thuilleadh. Le haghaidh shaolré an STA, ba cheart do MTP Table 8 agus MTP Table 9 a thuairisciú freisin cé acu atá nó nach bhfuil athchóiriú nó infheistíocht san áireamh sa RRP (mar chuid den cholún tiomnaithe maidir le Comhaontuithe Comhpháirtíochta).

Tábla MTP 8

Athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartaithe

		STA / PA	Príomhch éimeanna	CSR	Tosaíocht aí coiteanna	Príomhch uspóir	An dáta cur chun feidhme	Táscaire/tás cairí maidir le cuspóir
1	Infheistíocht/athchóiriú A	"XX"	Céim 1 ... Céim Z	CSRX.X; Moladh MIP X	"XX"	"XX"	RX 20XX ... RX 20XX	"XX" ... "XX"
...	...	...	...	...	...	...	...	...
X	Infheistíocht/athchóiriú X	"XX"	Céim 1 ... Céim Z	CSRX.X	"XX"	"XX"	RX 20XX ... RX 20XX	"XX" ... "XX"

Nóta: Ba cheart 'STA' a bheith ann sa cholún 'STA/PA' má tá an t-athchóiriú/infheistíocht faoi scáth RRP an Bhallstáit, 'PA' má thacaítear leis an athchóiriú/infheistíocht faoi scáth chomhaontú comhpháirtíochta an Bhallstáit agus bíodh sé folamh murach sin. Maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí a eascraíonn as STA, ba cheart tagairt do na bearta sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ábhartha ón gComhairle a áireamh sa cholún 'STA/PA' freisin.

([28]) Chun críoch na treoraíochta seo, cuimsítear leis an tagairt do Chomhaontuithe Comhpháirtíochta na *cláir* faoi na Comhaontuithe Comhpháirtíochta, toisc go soláthraítear leo forléargas níos mionsonraithe agus níos nuashonraithe ar athchóirithe agus ar infheistíochtaí.

([29]) Chun tuairisciú dúbailte a sheachaint, níor cheart athchóirithe agus infheistíochtaí a chumhdaítear i dMTP Table 8 a bheith curtha san áireamh i dMTP Table 9.

Tábla MTP 9

Athchóirithe agus infheistíochtaí eile

		STA / PA	CSR	Tosaíochtaí coiteanna
1	Infheistíocht/athchóiriú A	"XX"	CSRX.X; Moladh MIP X	"XX"
...	...	...	...	...
X	Infheistíocht/athchóiriú X	"XX"	CSRX.X	"XX"

Nóta: Ba cheart 'STA' a bheith ann sa cholún 'STA/PA' má tá an t-athchóiriú/infheistíocht faoi scáth RRP an Bhallstáit, 'PA' má thacaítear leis an athchóiriú/infheistíocht faoi scáth chomhaontú comhpháirtíochta an Bhallstáit agus bíodh sé folamh murach sin. Maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí a eascraíonn as STA, ba cheart tagairt do na bearta sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ábhartha ón gComhairle a áireamh sa cholún 'STA/PA' freisin.

Ina theannta sin, ba cheart faisnéis a bheith sa phlean meántéarmach maidir le riachtanais infheistíochta a bhaineann le tosaíochtaí coiteanna an Aontais i dtábla (Airteagal 13(g)(v)) (MTP Table 10). Beidh gá le tuilleadh mionsaothraithe a dhéanamh in am trátha ar an modheolaíocht chun na riachtanais infheistíochta faoi gach ceann de na tosaíochtaí coiteanna a shainaithint agus a chainníochtú.

Tábla MTP 10

Riachtanais infheistíochta

	Tosaíochtaí coiteanna	Tuairisc ar riachtanais infheistíochta
1	Aistriú cothrom glas agus digiteach, lena n-áirítear comhsheasmhacht leis an Dlí Aeráide Eorpach	"XX"
2	Athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta	"XX"
3	Slándáil fuinnimh	"XX"
4	I gcás inar gá, cumais chosanta a neartú	"XX"

2.7. *Faisnéis faoi dhliteanais intuigthe agus theagmhasacha*

Ba cheart go n-áireofaí sa phlean faisnéis faoi dhliteanais intuigthe agus theagmhasacha a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu ar bhuiséid rialtais (Airteagal 13(g)). D'fhéadfaí a áireamh orthu sin go háirithe ráthaíochtaí rialtais, iasachtaí neamhthuillmheacha, agus dliteanais a eascraíonn as oibriú corparáidí poiblí, lena n-áirítear a mhéid atá siad amhlaidh, agus, a mhéid is féidir, faisnéis faoi dhliteanais theagmhasacha a bhaineann le tubaistí, leis an aeráid agus leis an dúlra. I bhfianaise ilchineálacht cásanna, níl tábla caighdeánach á mholadh ag an treoraíocht seo chun na críche sin.

2.8. *Tuairisciú i gcás Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Iomarcacha*

Déanfaidh Ballstát a n-osclaítear nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha ina leith i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 plean athbhreithnithe a thíolacadh, a bheidh ina phlean gníomhaíochta ceartaithí freisin (Airteagal 31) ([30]). Ba cheart go leagfaí amach sa phlean ansin na gníomhaíochtaí beartais sonracha arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí iomarcacha — bunaithe ar mholadh ón gComhairle, lena n-áireofar amchlár do na gníomhaíochtaí sin. I gcás den sórt sin, ba cheart tábla breise (MTP Table 11) a bheith sa phlean, ar tábla é ina leagfar amach na gníomhaíochtaí beartais sonracha chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí iomarcacha agus an amlíne chun na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme, mar a iarrtar faoi Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Nuair a fheidhmíonn an plean meántéarmach mar phlean gníomhaíochta ceartaithí freisin, tá sé fíor-riachtanach go sainaithnítear go soiléir ann cé na bearta den phlean lena dtugtar aghaidh ar mhíchothromaíochtaí iomarcacha, agus conas — dar leis an mBallstát — a chomhlíonann an plean an Moladh ón gComhairle faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Iomarcacha (Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011).

([30]) D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tuilleadh treoraíochta maidir le ceanglais na bpleananna gníomhaíochta ceartaithí sin ag céim níos déanaí.

Tábla MTP 11

Athchóirithe agus infheistíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí iomarcacha (plean gníomhaíochta ceartaitheach)

		An amlíne le haghaidh gníomhaíochtaí beartais
1	Infheistíocht/athchóiriú A	"XX"
...	...	...
X	Infheistíocht/athchóiriú X	"XX"

2.9. *Iarscríbhinní atá le cur san áireamh leis na pleananna meántéarmacha*

Más infheidhme, ba cheart a áireamh sa phlean — in iarscríbhinn — an chonair thagartha, nó an fhaisnéis theicniúil, arna tarchur ag an gCoimisiún (Airteagal 13(b)). Mar a mhionsaothraítear thuas, i gcás ina n-áirítear sa phlean conair ghlanchaiteachais níos airde ná an chonair thagartha arna heisiúint ag an gCoimisiún, ba cheart don Bhallstát argóintí eacnamaíocha fónta agus sonraíbhunaithe lena mínítear an difríocht a sholáthar ina phlean.

I gcás ina bhfuil sí ar fáil, ba cheart iarscríbhinn a áireamh sa phlean freisin le tuairim na n-institiúidí fioscacha neamhspleácha náisiúnta (IFInna) maidir leis na réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha agus na toimhdí maicreacnamaíocha atá mar bhonn taca faoin gconair ghlanchaiteachais (Airteagal 11(2)). Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh ar an IFI ábhartha an tuairim sin a thabhairt, agus dóthain ama a thabhairt don IFI é sin a dhéanamh. Ón 1 Bealtaine 2032, ba cheart don IFI ábhartha tuairim den sórt sin a eisiúint — ar choinníoll go bhfuil cumas leordhóthanach aige.

CUID B

CEANGLAIS FAISNÉISE MAIDIR LEIS NA TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA AR DHUL CHUN CINN

3. **Réamhrá**

Is doiciméid ríthábhachtacha iad na Tuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn (APRanna) chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Moltaí ón gComhairle lena bhformhuinítear na pleananna fioscacha-struchtúrtha meántéarmacha. Ba cheart do na APRanna sonraí olltoraidh a chur i láthair agus cur síos a dhéanamh ar na céimeanna cur chun feidhme atá déanta, nó atá á ndéanamh. Ba cheart do na APRanna tuairisciú ar ghlanchaiteachas agus ar cé acu a urramaíodh nó nach n-urramaíodh an chonair ghlanchaiteachais a leag an Chomhairle síos ina moladh, ar chur chun feidhme na n-athchóirithe agus na hinfheistíochta a liostaigh an Chomhairle mar bhonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartaithe, ar chur chun feidhme níos leithne athchóirithe agus infheistíochta agus ar thionscnaimh bheartais ag na Ballstáit ([31]). Cuireann siad faisnéis nuashonraithe ar fáil freisin maidir le bearta a cuireadh san áireamh sna buiséid bhliantúla, amhail sonraí maidir le bearta lánroghnacha ioncaim agus an tionchar buiséadach a mheastar a bheidh acu. Ina theannta sin, nuashonraítear roinnt réamhaisnéisí maicreacnamaíocha leis na APRanna. Déantar na táblaí sna APRanna a ailíniú a mhéid is féidir leis na táblaí sna pleananna meántéarmacha.

Ní fhéachtar sna APRanna arís ar na gealltanais bheartais lárnacha sna pleananna meántéarmacha. Formhuiníonn an Chomhairle na gealltanais bheartais lárnacha agus luaitear go sonrach iad sa Mholadh ón gComhairle. Cé gur doiciméid *riaracháin* agus *fhíorasacha* atá siarbhreathnaitheach go bunúsach iad na APRanna, féadfaidh na Ballstáit iad a úsáid freisin chun tionscnaimh bheartais ábhartha nua a fhógairt, go háirithe i réimse na n-athchóirithe struchtúracha agus na n-infheistíochtaí.

Is ionchur fíor-riachtanach é an APR le haghaidh na bpróiseas éagsúil faoin Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. Ag leanúint de chleachtas na gclár náisiúnta um athchóiriú, ba cheart tuairisc a thabhairt sna APRanna ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na moltaí tírshonracha (CSRanna) a chur chun feidhme agus aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, ar an dul chun cinn atá déanta maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach (lena n-áirítear spriocanna náisiúnta 2030 maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta), ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus ar an dul chun cinn maidir le freagairt do thosaíochtaí coiteanna eile an Aontais ([32]). Ar feadh shaolré na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (STA), ba cheart a áireamh sna APRanna freisin tuairisciú ar an dul chun cinn maidir le haon cheann de na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí RRP a áirítear sna pleananna meántéarmacha a chur chun feidhme (féach Roinn 4.6).

([31]) I gcás Bhallstáit an limistéir euro, rannchuideoidh na Tuairimí ón gCoimisiún maidir le dréachtphleananna buiséadacha (Airteagal 7 de Rialachán (AE) 473/2013) freisin le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Moltaí ón gComhairle lena bhformhuinítear na pleananna meántéarmacha.

([32]) Moltar do na Ballstáit freisin tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an mbuiséadú glas a chur chun feidhme.

De mheon na húinéireachta náisiúnta, ní thugann an treoraíocht seo le fios go bhfuil struchtúr de shamhail dhocht ann do na APRanna. Tá sé de shaoirse ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le breac-chuntas beacht agus leibhéal mionsonraithe a gcuid APRanna (d'fhéadfadh riachtanais éagsúla a bheith ag na Ballstáit le haghaidh a gcríoch náisiúnta) ar choinníoll go bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear leis an Rialachán sna APRanna. Chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit na APRanna a ullmhú, tugtar forléargas sa treoraíocht seo ar na heilimintí atá le cur san áireamh agus atá fíor-riachtanach don Choimisiún chun measúnú cuí a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin, chomh maith le teimpléid le haghaidh na dtáblaí ina bhfuil an fhaisnéis riachtanach.

4. Faisnéis atá le cur san áireamh sna Tuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn

Ba cheart do na APRanna sonraí olltoraidh a chur i láthair agus cur síos a dhéanamh ar na céimeanna cur chun feidhme atá déanta, nó atá á ndéanamh. I bprionsabal, ba cheart an APR a bheith dírithe ar an mbliain roimhe sin, ina gcumhdaítear an tréimhse ama ón APR roimhe sin nó an tréimhse ama ónar cuireadh isteach an plean meántéarmach ([33]). San am céanna, i bhfianaise na féidearthachta go ndéanfaí athbhreithnithe ar shonraí agus ar fhaisnéis eile, ba cheart an tréimhse iomlán ó cuireadh isteach an plean meántéarmach a chumhdach sna táblaí san APR. Dá bhrí sin, sa chuid sin den treoraíocht, is é an coinbhinsiún sna táblaí gurb í an bhliain T an bhliain a chuirtear an APR isteach (*bliain an APR*). Déantar líon na mblianta cur chun feidhme a bhfuil tuairisciú á dhéanamh orthu le APR a ghabháil sna táblaí le T-X, agus is é 'T-X' *an bhonnbhliain a úsáidtear sa Mholadh ón gComhairle* ([34]). Mar shampla, má chuirtear an plean meántéarmach isteach i bhfómhar 2024, tuairisceoidh APRanna na mblianta atá le teacht sonraí ó 2023 i gcónaí.

Ba cheart go gcuirfí faisnéis ar fáil san APR maidir le dul chun cinn chur chun feidhme na conaire glanchaiteachais arna socrú ag an gComhairle ina moladh (Roinn 4.2). Ba cheart di tuilleadh mionsonraí a thuairisciú maidir le forbairtí maicreacnamaíocha agus seachtracha (Roinn 4.3), chomh maith le forbairtí buiséadacha (Roinn 4.4).

Thairis sin, ba cheart tuarascáil a dhéanamh san APR maidir le cur chun feidhme na gníomhaíochta beartais lena ndéantar CSRanna, tosaíochtaí coiteanna an Aontais a chur i gcrích, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Go háirithe, ba cheart dó tuairisciú ar chur chun feidhme na ngealltanas athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartaithe fhioscaigh, más infheidhme; agus cur chun feidhme aon athchóiriú nó infheistíocht eile sa phlean meántéarmach chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais agus ar na moltaí tírshonracha (Roinn 4.6). In iarscríbhinní cuimsitheacha, ba cheart tuilleadh mionsonraí a thabhairt maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí beartais chun prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus tosaíochtaí coiteanna an Aontais a chur i gcrích, agus maidir le cur chun feidhme na gníomhaíochta bheartais chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach (Roinn 4.8).

I gcás inarb iomchuí, ba cheart don APR tuairisciú freisin ar an gcaoi ar fhreagair an Ballstát do mholtaí agus do chinntí faoi phróisis eile — i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme. Sa chleachtas, chiallódh sé sin go ndéanfaí sruthanna tuairiscithe éagsúla a chomhtháthú in aon doiciméad amháin — APR — aon uair a oireann an t-uainiú go leordhóthanach. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh tuairisciú den sórt sin, i measc nithe eile, leis an gcaoi a bhfuil an Ballstát ag freagairt do mholtaí nó do chinntí faoin Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach (EDP), ([35]) le moltaí faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha, nó le rabhaidh ón gCoimisiún nó le moltaí ón gComhairle de bhun Airteagal 121(4) CFAE. I gcás Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach, ba cheart míniú a thabhairt sa APR ar an gcaoi a mbaineann na forbairtí buiséadacha a thuairiscítear sna táblaí caighdeánacha leis an gconair choigeartaithe faoin Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach. I gcás nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha, ba cheart tábla breise a áireamh sa APR arb é a bheidh ann an tuarascáil ar dhul chun cinn an phlean gníomhaíochta ceartaithí (féach Roinn 4.7).

4.1. *An próiseas comhairliúcháin*

I gcás inarb infheidhme, ba cheart don APR faisnéis a sholáthar maidir leis an bplé faoin tuarascáil ar dhul chun cinn arna thionól leis na páirtithe leasmhara ábhartha (Airteagal 21(5)). Ba cheart do na APRanna faisnéis a sholáthar i gcás inar iarr an Ballstát ar an institiúid fhioscach neamhspleách measúnú a sholáthar ar chomhlíontacht shonraí na n-olltorthaí buiséadacha sa APR leis an gconair ghlanchaiteachais (Airteagal 23). Ba cheart do APRanna freisin, i gcás inarb infheidhme, faisnéis a sholáthar maidir le rannpháirtíocht na bpríomhghníomhaithe institiúideacha agus páirtithe leasmhara ábhartha eile (Parlaimint Náisiúnta, údaráis réigiúnacha/áitiúla, comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara na sochaí sibhialta) in ullmhú agus i gcur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí.

([33]) Maidir leis an gcéad ré de APRanna, atá le cur isteach faoin 30 Aibreán 2025, moltar do na Ballstáit cur chun feidhme beartais atá déanta ó bhí an Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 ann a thuairisciú, lena n-áirítear comhlíonadh mholtaí tírshonracha 2024.

([34]) Is í an bhonnbhliain sa Mholadh ón gComhairle an bhliain dheireanach a bhfuil sonraí torthaí ar fáil ina leith tráth an mholta.

([35]) Mar shampla, má cheadaítear sin leis an uainiú, d'fhéadfadh APR an tuarascáil maidir le gníomhaíocht éifeachtach faoin Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach a chomhtháthú ar bhealach úsáideach.

4.2. *Faisnéis maidir leis an gconair ghlanchaiteachais a chomhlíonadh*

Ba cheart go gcuirfí faisnéis ar fáil sna APRanna maidir le dul chun cinn chur chun feidhme na conaire glanchaiteachais arna socrú sa mholadh ón gComhairle. Meabhraítear i dAPR Table 1a an moladh sin, mar aon leis na sonraí olltoraidh don bhliain seo caite/do na blianta seo caite, mar aon le réamh-mheastacháin don bhliain reatha agus don bhliain ina dhiaidh sin. Cuimsíonn APR Table 1a an fhaisnéis bhunúsach chun a mheas cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar an chonair ghlanchaiteachais a shocraigh an Chomhairle ina moladh. Ba cheart don APR aon diall aníos (dialltaí iarbhír nó sna réamh-mheastacháin) ([36]) ón gconair ghlanchaiteachais arna socrú ag an gComhairle ina moladh a chainníochtú agus a mhíniú. Comhlánaítear na sonraí i dAPR Table 1a le tábla forléargais ina ndéantar achoimre ar na holltorthaí agus ar na réamh-mheastacháin do na príomhathróga buiséadacha (APR Table 1b). Go háirithe, tugtar le chéile sa tábla na príomhathróga a thuairiscítear i dAPR Table 4. Beidh na sonraí san APR, agus go háirithe APR Table 1a, ina n-ionchur don chuntas rialaithe arna bhunú agus arna bhainistiú ag an gCoimisiún chun rianú a dhéanamh ar dhialltaí carnacha anuas an ghlanchaiteachais breathnaithe ón gconair ghlanchaiteachais arna socrú ag an gComhairle (Airteagal 22(2)). Cuireann an Coimisiún an cuntas rialaithe do gach Ballstát ar fáil go poiblí go rialta (go bliantúil ar a laghad).

Tábla APR 1a

Tagairt oibríochtúil aonair le haghaidh faireachas fioscach

			Olltoradh/réamh-mheastachán		
			T-X	...	T
			% OTI		% OTI
1	Glaniasachtú/glaniasachtaíocht	APR Table 4, line 31	XX,X%	...	XX,X%
2	Iarmhéid struchtúrtha	APR Table 4, line 33	XX,X%	...	XX,X%
3	Príomhchomhardú struchtúrtha	APR Table 4, line 34	XX,X%	...	XX,X%
4	Ollfhiachas	APR Table 4, line 35	XX,X%	...	XX,X%
5	Athrú ar ollfhiachas	APR Table 4, line 36	XX,X%	...	XX,X%

APR Table 1b

Príomhathróga

			Olltoradh/réamh-mheastachán		
			T-1	T	T+1
			% OTI	% OTI	% OTI
1	Glaniasachtú/glaniasachtaíocht	DBP Table 4, line 31	XX,X%	XX,X%	XX,X%
2	Iarmhéid struchtúrtha	DBP Table 4, line 33	XX,X%	XX,X%	XX,X%
3	Príomhchomhardú struchtúrtha	DBP Table 4, line 34	XX,X%	XX,X%	XX,X%
4	Ollfhiachas	DBP Table 4, line 35	XX,X%	XX,X%	XX,X%
5	Athrú ar ollfhiachas	DBP Table 4, line 36	XX,X%	XX,X%	XX,X%

Tabhair do d'aire: Ní gné lárnach den phlean meántéarmach iad na príomhathróga a léirítear i APR Table 1b. Sloinntear an tagairt oibríochtúil aonair d'fhaireachas fioscach i dtéarmaí rátaí fáis glanchaiteachais phríomhúil a mhaoinítear go náisiúnta (féach APR Table 1a).

4.3. *Forbairtí maicreacnamaíocha*

Ba cheart do na APRanna tuairisciú ar fhorbairtí maicreacnamaíocha agus seachtracha le linn chur chun feidhme an phlean. Ba cheart sonraí go dtí bliain T a áireamh sna táblaí, agus tá réamh-mheastacháin le haghaidh na bliana T+1 roghnach. Ba cheart an réamhaisnéis is déanaí atá ar fáil a bheith sna táblaí maidir le forbairtí maicreacnamaíocha agus forbairtí seachtracha ([37]).

([36]) Níl na figiúirí réamh-mheastacháin le haghaidh T agus T+1 i dAPR Table 1normatach. Ba cheart dóibh a bheith ina réamhaisnéisí ina gcuirtear san áireamh na beartais arna bhfógairt go hinchreidte ar bhealach mionsonraithe go leor tráth a chuirtear an APR isteach, ní sprioccanna beartais iad.

([37]) Ba cheart scoithdháta na réamhaisnéise a sholáthar.

Tábla APR 2

Forbairtí maicreacnamaíocha

			T-X	T-X	...	T	T+1
	OTI	Cód ESA	bn NAC	ráta fáis		ráta fáis	ráta fáis
1	Fíor-OTI	B.1*g		XX,X%	...	XX,X%	roghnach
2	Díbhoilsceoir OTI			XX,X%	...	XX,X%	roghnach
3	OTI ainmniúil	B.1*g	XX.X	XX,X%	...	XX,X%	roghnach
	Comhpháirteanna an fhíor-OTI		bn NAC	ráta fáis		ráta fáis	ráta fáis
4	Caiteachas ar thomhaltas príobháideach	P.3		XX,X%	...	XX,X%	roghnach
5	Caiteachas ar thomhaltas an rialtais	P.3		XX,X%	...	XX,X%	roghnach
6	Ollfhoirmiú caipitil sheasta	P.51		XX,X%	...	XX,X%	roghnach
7	Athruithe i bhfardail agus éadáil ghlan ar earraí luachmhara (% OTI)	P.52 + P.53		roghnach	...	roghnach	roghnach
8	Onnmhairí earraí agus seirbhísí	P.6		XX,X%	...	XX,X%	roghnach
9	Allmhairí earraí agus seirbhísí	P.7		XX,X%	...	XX,X%	roghnach
	Rannchuidiú le fás ar fhíor-OTI						
10	Éileamh intíre críochnúil			XX.X	...	XX.X	roghnach
11	Athruithe i bhfardail agus éadáil ghlan ar earraí luachmhara (% OTI)	P.52 + P.53		XX.X	...	XX.X	roghnach
12	Iarmhéid seachtrach earraí agus seirbhísí	B.11		XX.X	...	XX.X	roghnach
	Díbhoilsceoirí agus HICP			ráta fáis		ráta fáis	ráta fáis
13	Díbhoilsceoir ar thomhaltas príobháideach			XX,X%	...	XX,X%	roghnach
14	p.m. HICP			XX,X%	...	XX,X%	roghnach
15	Díbhoilsceoir ar thomhaltas an rialtais			XX,X%	...	XX,X%	roghnach
16	Díbhoilsceoir ar infheistíocht			XX,X%	...	XX,X%	roghnach
17	Díbhoilsceoir ar phraghas onnmhairí (earraí agus seirbhísí)			XX,X%	...	XX,X%	roghnach
18	Díbhoilsceoir ar phraghas allmhairí (earraí agus seirbhísí)			XX,X%	...	XX,X%	roghnach
	An margadh saothair		leibhéal	ráta fáis	ráta fáis	ráta fáis	ráta fáis
19	Fostaíocht intíre (1000 duine, cuntais náisiúnta)		XX.X	XX,X%	...	XX,X%	roghnach
20	Meánlíon na n-uaireanta arna n-oibriú in aghaidh an duine fostaithe sa bhliain		XX.X	XX,X%	...	XX,X%	roghnach
21	Fíor-OTI in aghaidh an duine fostaithe			ríofa	...	ríofa	roghnach
22	Fíor-OTI in aghaidh na huaire arna hoibriú			ríofa	...	ríofa	roghnach
23	Cúiteamh d'fhostaithe (bn NAC)		XX.X	XX,X%	...	XX,X%	roghnach
24	Compensation per employee (= 23 / 19)		ríofa	ríofa	...	ríofa	roghnach
				%		%	%
25	Ráta dífhostaíochta (%)			XX,X%		XX,X%	roghnach
	OTI ionchasach agus comhpháirteanna			ráta fáis		ráta fáis	ráta fáis
26	OTI ionchasach			XX,X%	...	XX,X%	roghnach
	Rannchuidiú le fás ionchasach						
27	Saothar			XX.X	...	XX.X	roghnach
28	Caipiteal			XX.X	...	XX.X	roghnach
29	Táirgiúlacht na bhfachtóirí uile			XX.X	...	XX.X	roghnach
				% ionchasach OTI		% ionchasach OTI	% ionchasach OTI
30	Bearna aschuir (% ionchasach OTI)			XX,X%	...	XX,X%	roghnach

Tábla APR 3

Forbairtí seachtracha

			T-X	...	T	T+1
1	Ráta úis gearrthéarmach	(%, meán bliantúil)	XX,X%	...	XX,X%	roghnach
2	Ráta úis fadtéarmach	(%, meán bliantúil)	XX,X%	...	XX,X%	roghnach
3	ráta malairte USD/EUR	(meán bliantúil)	XX.X	...	XX.X	roghnach
4	Ráta malairte NAC/EUR (le haghaidh Ballstáit nach den limistéar euro iad amháin)	(meán bliantúil)	XX.X	...	XX.X	roghnach
5	Fíor-OTI an domhain (gan AE san áireamh)	(ráta fáis)	XX,X%	...	XX,X%	roghnach
6	Fíor-OTI an Aontais	(ráta fáis)	XX,X%	...	XX,X%	roghnach
7	Méideanna allmhairí an domhain, gan AE san áireamh	(ráta fáis)	XX,X%	...	XX,X%	roghnach
8	Praghsanna ola	(Brent, USD/bairille)	XX.X	...	XX.X	roghnach

4.4. *Forbairtí buiséadacha*

Is é an chonair ghlanchaiteachais arna socrú ag an gComhairle ina moladh an tagairt oibríochtúil aonair le haghaidh faireachas fioscach le linn na céime cur chun feidhme. Na rátaí bliantúla arna moladh (agus, dá bhrí sin, na rátaí carnacha), is iad an srian buiséadach ina maireann an beartas fioscach náisiúnta thar thréimhse pleanála an phlean. Dá bhrí sin, is é fás an ghlanchaiteachais an tagairt oibríochtúil aonair chun measúnú a dhéanamh ar dhiall a bheith ann agus chun gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a spreagadh. D'fhéadfadh an APR tuairisciú ar bhealach úsáideach ar aon dliteanas teagmhasach a tháinig chun cinn, agus ar aon dliteanas teagmhasach nua a mheastar a bheith ábhartha, lena n-áirítear dliteanais theagmhasacha maidir leis an aeráid agus an dúlra.

Ba cheart réamh-mheastacháin bhuiséadacha le haghaidh T agus, go roghnach, le haghaidh T+1 a áireamh sa APR. Níl na figiúirí le haghaidh T agus T+1 normatach — is réamhaisnéisí iad ina gcuirtear san áireamh na beartais arna bhfógairt go hinchreidte ar bhealach mionsonraithe go leor tráth a chuirtear an APR isteach, ní spriocanna beartais iad. D'fhéadfadh na figiúirí sin le haghaidh T agus T+1 rannchuidiú le dialltaí ón gconair ghlanchaiteachais arna socrú ag an gComhairle a shainaithint go luath.

Ba cheart don APR tuairisc a thabhairt ar na bearta lánroghnacha ioncaim agus ar na bearta aonuaire a rannchuidigh leis na torthaí buiséadacha agus leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha. Tá sé roghnach tuairisciú a dhéanamh ar bhearta caiteachais. Murab ionann agus na pleananna meántéarmacha, ní mór tuairisciú beart lánroghnach ioncaim agus beart aonuaire a bheith uileghabhálach le haghaidh na tréimhse ama go dtí bliain T (APR Table 5) toisc go bhfuil an fhaisnéis sin fíor-riachtanach chun glanchaiteachas agus rátaí fáis faoi seach a ríomh. Thairis sin, chun na dialltaí

carnacha sa chuntas rialaithe a ríomh go cruinn, ba cheart do na Ballstáit léargas iomlán agus cothrom le dáta a sholáthar i réanna leantacha APR. Go háirithe, tugtar le tuiscint leis sin gur cheart do na Ballstáit meastacháin athbhreithnithe a sholáthar freisin ar thionchar na mbeart beartais a tuairiscíodh roimhe sin ina ndréachtphleananna buiséadacha (i gcás Bhallstáit an limistéir euro) nó ina gcuid APRanna roimhe sin. Is féidir tuairisciú ar bhearta caiteachais (seachas bearta aonuaire) a áireamh freisin, ach tá sé sin roghnach, toisc nach bhfuil gá leis an bhfaisnéis sin chun glanchaiteachas a ríomh. Ba cheart tuairisc mhionsonraithe a thabhairt ar bhearta a bhfuil tionchar buiséadach measta os cionn 0,1 % de OTI acu, ach is gá na bearta sin a bhfuil tionchar buiséadach acu atá faoi bhun na tairsí sin a shainaithint agus a dtionchar buiséadach comhiomlánaithe a léiriú. Ina theannta sin, ba cheart iontrálacha aonuaire (ioncam agus caiteachas araon) a áirítear san APR a shainaithint agus a mhíniú. Ba cheart tuairisc iomchuí a thabhairt freisin ar thoimhdí foluiteacha a úsáidtear chun meastachán a dhéanamh ar thionchar buiséadach gach birt (*e.g.* leaisteachais nó éabhlóid an bhoinn cánach). Ba cheart gach beart a bhfuil tionchar incriminteach aige ar chuntais bhliain T a thuairisciú san fhómhar T-1 nuair a ullmhaítear an buiséad, agus ba cheart é a athbhreithniú de réir mar is gá san earrach T agus san fhómhar T le linn chur chun feidhme an bhuiséid agus san earrach T+1. Tar éis an tuairiscithe san earrach T+1, measfaidh seirbhísí an Choimisiúin go bhfuil an measúnú ar bhearta lánroghnacha ioncaim (agus bearta ioncaim aonuaire) a dhéanann difear do chobhsaíocht bhliain T, ach amháin má tá cúiseanna sonracha ann le hathbhreithniú breise a dhéanamh (d'fhéadfadh sé sin tarlú e.g. i gcás athbhreithnithe suntasacha ar shonraí cuntas náisiúnta a dhéanann difear do roinnt blianta).

Tabhair do d'aire go láimhseáiltear bearta caiteachais agus ioncaim ar bhealach difriúil. Mar a léirítear thuas, níl aon chlaontacht ag an gcreat rialachais eacnamaíoch i dtreo bearta ioncaim thar bhearta caiteachais, nó a mhalairt. Mar sin féin, cé go léirítear toradh na ngníomhaíochtaí beartais a bhaineann le caiteachas (caiteachas a mhéadú nó a laghdú nó creidmheasanna buiséadacha a aistriú ó roinnt catagóirí caiteachais go catagóirí eile) sna hathróga caiteachais éagsúla a thiomsaíonn na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus Eurostat, ní mór na bearta lánroghnacha ioncaim a mheas *ex ante* nuair a ullmhaítear na buiséid náisiúnta (agus sna dréachtphleananna buiséadacha do Bhallstáit an limistéir euro), le linn cur chun feidhme agus *ex post*. Ba cheart don APR tuairisciú freisin ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas agus ar eilimintí timthriallacha den sochar dífhostaíochta (i dAPR Table 4) ([38]).

([38]) Chun sainmhíniú a fháil ar chómhaoiniú náisiúnta clár arna gcistiú ag an Aontas, féach Roinn 2.4.

Tábla APR 4

Forbairtí buiséadacha

			T-X	T-X	...	T
	Ioncam	Cód ESA	bn NAC	% OTI		% OTI
1	Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí	D.2	XX.X	XX,X%	...	XX,X%
2	Cánacha reatha ar ioncam, ar rachmas, etc	D.5	XX.X	XX,X%	...	XX,X%
3	Ranníocaíochtaí sóisialta	D.61	XX.X	XX,X%	...	XX,X%
4	Ioncam reatha eile	(P.11+P.12+P.131) + D.39 + D.4 + D.7	XX.X	XX,X%	...	XX,X%
5	Cánacha caipitil	D.91	XX.X	XX,X%	...	XX,X%
6	Ioncam caipitil eile	D.92+D.99	XX.X	XX,X%	...	XX,X%
7	Total revenue (= 1+2+3+4+5+6)	TR	ríofa	ríofa	...	ríofa
8	Ina measc: Aistrithe ón Aontas (**ioncam fabhraithe, seachas airgead**)	D.7AE+D.9AE	XX.X	XX,X%	...	XX,X%
9	Total revenue other than transfers from the EU (= 7-8)		ríofa	ríofa	...	ríofa
10	p.m. Bearta ioncaim (incrimintí, gan bearta arna maoiniú ag an Aontas san áireamh)		XX.X	XX,X%	...	XX,X%
11	p.m. Ioncam aonuaire san áireamh sna réamh-mheastacháin (leibhéil, gan bearta a mhaoiníonn an tAontas)		XX.X	XX,X%	...	XX,X%
	Caiteachas		bn NAC	% OTI		% OTI
12	Cúiteamh d'fhostaithe	D.1	XX.X	XX,X%	...	XX,X%
13	Tomhaltas idirmheánach	P.2	XX.X	XX,X%	...	XX,X%
14	Caiteachas ar ús	D.41	XX.X	XX,X%	...	XX,X%
15	Tairbhí sóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil	D.62	XX.X	XX,X%	...	XX,X%
16	Aistrithe sóisialta comhchineáil trí tháirgeoirí margaidh	D.632	XX.X	XX,X%	...	XX,X%
17	Fóirdheontais	D.3	XX.X	XX,X%	...	XX,X%
18	Caiteachas reatha eile	D.29 + (D.4-D.41) + D.5 + D.7 + D.8	XX.X	XX,X%	...	XX,X%
19	Ollfhoirmiú caipitil sheasta	P.51	XX.X	XX,X%	...	XX,X%
20	Ina measc: Infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta		XX.X	XX,X%	...	XX,X%
21	Aistrithe caipitil	D.9	XX.X	XX,X%	...	XX,X%
22	Caiteachas caipitil eile	P.52+P.53+NP	XX.X	XX,X%	...	XX,X%
23	Total expenditure (= 12+13+14+15+16+17+18+19+21+22)	TE	ríofa	ríofa	...	ríofa
24	Of which: Expenditure funded by transfers from the EU (= 8)	D.7AE+D.9AE	ríofa	ríofa	...	ríofa
25	Nationally financed expenditure (23-24)		ríofa	ríofa	...	ríofa
26	p.m. Cómhaoiniú náisiúnta na gclár arna maoiniú ag an Aontas		XX.X	XX,X%	...	XX,X%
27	p.m. Comhpháirt thimthriallach na sochar difhostaíochta		XX.X	XX,X%	...	XX,X%
28	p.m. Caiteachas aonuaire san áireamh sna réamh-mheastacháin (leibhéil, gan bearta a mhaoiníonn an tAontas)		XX.X	XX.X	...	XX.X
29	Net nationally financed primary expenditure (before revenue measures) (= 25-26-27-28-14)		ríofa	ríofa	...	ríofa
	Glanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta			ráta fáis		ráta fáis
30	Fás ar ghlanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta	APR Table 1 a, line 1		ríofa	...	ríofa
	Iarmhéideanna		bn NAC	% OTI		% OTI
31	Net lending/borrowing (= 7-23)	B.9	ríofa	ríofa	...	ríofa
32	Primary balance (= 31-14)	B.9-D.41p	ríofa	ríofa	...	ríofa
	Coigeartú timthriallach			% OTI		% OTI
33	Iarmhéid struchtúrtha			XX,X%	...	XX,X%
34	Príomhchomhardú struchtúrtha			XX,X%	...	XX,X%
	Fiachas		bn NAC	% OTI		% OTI
35	Ollfhiachas		XX.X	XX,X%	...	XX,X%
36	Athrú ar ollfhiachas		XX.X	XX,X%	...	XX,X%
37	Ranníocaíochtaí le hathruithe ar ollfhiachas					
38	Primary balance (= minus 32)			ríofa	...	ríofa
39	Éifeacht bhreisitheach			ríofa	...	ríofa
40	Interest expenditure (= 14)			athshonraithe	...	athshonraithe
41	Fás			ríofa	...	ríofa
42	Boilsciú			ríofa	...	ríofa
43	Stock-flow adjustment (= 36-38-39)			ríofa	...	ríofa
				%		%
44	p.m. Implicit interest rate on debt (= 14 / DEBT(t-1))			XX,X%	...	XX,X%

5 **Table 5: Estimated impact of discretionary expenditure and revenue measures**

	Teideal/tuairisc an bhirt	Aonuair	Caiteachas / Ioncam	Fo-earnáil:		T-X	...	T
					Cód ESA	% OTI		% OTI
1	Beart 1	Tá	Caiteachas	roghnach	Cód	XX,X%	...	XX,X%
...	...	...	...	...	...	...	...	...
X	Beart X	Níl	Ioncam	roghnach	Cód	XX,X%	...	XX,X%
Z	IOMLÁN					ríofa	...	ríofa

Nótaí: Is féidir líne 30 'glanfhás ar chaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta' a ríomh trí úsáid a bhaint as an bhfoirmle seo a leanas: $e_t = \frac{NE_t - REV_t}{NE_{t-1}} - 1 = \frac{(NE_t \ / \ GDP_t) \ - \ (REV_t / \ GDP_t)}{(NE_{t-1} \ / \ GDP_{t-1})} * (1 + g_t) - \ 1$, i gcás inarb é e_t fás an ghlanchaiteachais phríomhúil a mhaoinítear go náisiúnta (APR Table 4, líne 30) le haghaidh na bliana *t*, inarb é $NE_t \ / \ GDP_t$agus $NE_{t-1} \ / \ GDP_{t-1}$ fás an ghlanchaiteachais phríomhúil a mhaoinítear go náisiúnta (roimh bhearta ioncaim) mar sciar de OTI sna blianta *t* agus *t-1*, faoi seach (APR Table 4, líne 29), inarb é $REV_t / \ GDP_t$na bearta ioncaim mar sciar d'OTI sa bhliain *t* (APR Table 4, líne 10),agus inarb é $g_t$an ráta fáis ainmniúil OTI sa bhliain *t* (APR Table 2, líne 3).

Tábla APR 5

An tionchar a mheastar a bheidh ag bearta lánroghnacha caiteachais agus ioncaim

	Teideal/tuairisc an bhirt	Aonuair	Caiteachas / Ioncam	Fo-earnáil:		T-X	...	T
					Cód ESA	% OTI		% OTI
1	Beart 1	Tá	Caiteachas	roghnach	Cód	XX,X%	...	XX,X%
...	...	...	...	...	...	...	...	...
X	Beart X	Níl	Ioncam	roghnach	Cód	XX,X%	...	XX,X%
Z	IOMLÁN					ríofa	...	ríofa

Nóta: gan bearta arna gcistiú ag an Aontas a áireamh. Ba cheart bearta a thuairisciú in incrimintí. Ba cheart bearta aonuaire a thaifeadadh i gcónaí mar bhearta a bhfuil éifeacht +/-X acu i mbliain an chéad tionchair bhuiséadaigh agus -/+ X sa bhliain dár gcionn, i.e. tá an tionchar foriomlán ar leibhéal na n-ioncam nó na gcaiteachas in dhá bhliain as a chéile cothrom le nialas. Ba cheart méaduithe (laghdú) ar chaiteachas agus ar ioncam araon a thuairisciú le comhartha deimhneach (diúltach).

4.5. *Deontais agus iasachtaí STA*

Le linn shaolré STA, ba cheart do APRanna leanúint de thuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas agus ar chostais eile arna maoiniú ag deontais agus iasachtaí STA.

Tábla APR 6

Deontais STA

		2020	...	2026
	Ioncam ó dheontais STA	% OTI		% OTI
1	ɔontais STA mar atá san áireamh sna réamh-mheastacháin ioncaim	XX,X%	...	XX,X%
2	síocaíochtaí airgid dheontais STA ón Aontas	XX,X%	...	XX,X%
	Caiteachas a mhaoinítear le deontais STA			
3	ıiteachas reatha iomlán	XX,X%	...	XX,X%
4	Ɔllfhoirmiú caipitil sheasta	XX,X%	...	XX,X%
5	∀istrithe caipitil	XX,X%	...	XX,X%
6	ıiteachas caipitil iomlán (4+5)	ríofa	...	ríofa
	Costais eile a mhaoinítear le deontais STA			
7	ghdú ar ioncam cánach	XX,X%	...	XX,X%
8	ɔstais eile a imríonn tionchar ar ioncam	XX,X%	...	XX,X%
9	ırbhearta airgeadais	XX,X%	...	XX,X%

Tábla APR 7

Iasachtaí STA

		2020	...	2026
	Ioncam ó iasachtaí STA	% OTI		% OTI
1	sachtaí STA mar atá san áireamh sna réamh-mheastacháin ioncaim	XX,X%	...	XX,X%
2	síocaíochtaí airgid iasachtaí STA ón Aontas	XX,X%	...	XX,X%
	Caiteachas a mhaoinítear le hiasachtaí STA			
3	ıiteachas reatha iomlán	XX,X%	...	XX,X%
4	Ɔllfhoirmiú caipitil sheasta	XX,X%	...	XX,X%
5	∀istrithe caipitil	XX,X%	...	XX,X%
6	ıiteachas caipitil iomlán (4+5)	ríofa	...	ríofa
	Costais eile a mhaoinítear le hiasachtaí STA			
7	ghdú ar ioncam cánach	XX,X%	...	XX,X%
8	ɔstais eile a imríonn tionchar ar ioncam	XX,X%	...	XX,X%
9	ırbhearta airgeadais	XX,X%	...	XX,X%

4.6. *Faisnéis faoi athchóirithe agus infheistíochtaí*

I gcás tíortha a bhfuil tréimhse choigeartaithe shínte suas le 7 mbliana acu, ba cheart do na APRanna tuairisciú sonrach a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngealltanas athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca faoin síneadh, mar a liostaítear sa mholadh ón gComhairle. Ní mór don Bhallstát an tacar gealltanas athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca faoin síneadh a chomhlíonadh go sásúil, agus dá uireasa sin d'fhéadfadh an Chomhairle conair ghlanchaiteachais leasaithe a mholadh lena mbainfeadh tréimhse choigeartaithe níos giorra bunaithe ar mholadh ón gCoimisiún (Airteagal 20). In APR Table 8, ba cheart do na Ballstáit tuairisciú ar staid chur chun feidhme gach ceann de na céimeanna cur chun feidhme (ar shéala a bheith déanta, moillithe, curtha i gcrích nó gan a bheith curtha i gcrích). I gcás gach céime a chuirtear i gcrích, ba cheart a mhíniú i dtéacs APR cén fáth a mheasann an Ballstát go bhfuil an chéim sin curtha i gcrích — i gcomhréir lena tháscairí agus lena chuspóir. Maidir le gach céim nach bhfuil curtha i gcrích go fóill, ba cheart míniú a thabhairt i dtéacs APR ar staid na himeartha i gcomparáid leis an amlíne a leagtar síos sa mholadh ón gComhairle. Ní mór aon mhoill a thuairisciú le mínithe mionsonraithe, lena n-áirítear an bhfuil imthosca oibiachtúla ann a chuireann cosc ar chur chun feidhme faoin sprioc-am dá bhforáiltear sa Mholadh ón gComhairle. Ar an gcaoi chéanna, i gcás ina ndearnadh aon athchóiriú nó infheistíocht a choigeartú ón gceapadh a comhaontaíodh ar dtús, agus i gcás aon chúlú, aisiompú nó neamhchríochnú, ba cheart mínithe mionsonraithe a bheith san APR ([39]). Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an míniú a thugtar agus d'fhéadfadh sé míniú breise a iarraidh agus/nó gníomhaíocht bhreise a dhéanamh.

([39]) I gcás amhrais, moltar do na Ballstáit plé a dhéanamh leis an gCoimisiún ar an leibhéal teicniúil sula gcuirfidh siad an tuarascáil ar dhul chun cinn isteach.

Tábla APR 8

Dul chun cinn ar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh na tréimhse coigeartaithe

		STA / PA	CSR	Tosaíochtaí coiteanna	Príomhchuspóir	Príomhchéimeanna	An dáta cur chun feidhme	Táscaire/táscairí	Céim stádais ar shéala a
1	Infheistíocht/athchóiriú A	"XX"	CSRX.X; MIP recommendation X	"XX"	"XX"	Céim 1 ... Céim Z	RX 20XX ... RX 20XX	"XX" ... "XX"	Críochnaithe ... Moillithe
...	...	...	...	...	...	...	...	...	...
X	Infheistíocht/athchóiriú X	"XX"	CSRX.X	"XX"	"XX"	Céim 1 ... Céim Z	RX 20XX ... RX 20XX	"XX" ... "XX"	Críochnaithe ... séala a bheith de

Nótaí: Cé is moite den cholún 'céim stádais ar sheala a bheith déanta', ba cheart an fhaisnéis a áirítear sa mholadh ón gComhairle a thabhairt arís sna colúin. Ba cheart 'STA' a bheith ann sa cholún 'STA/PA' má thacaítear leis an athchóiriú/infheistíocht faoi scáth RRP an Bhallstáit, 'PA' má tá an t-athchóiriú/infheistíocht mar chuid de chomhaontú comhpháirtíochta an Bhallstáit freisin agus bíodh sé folamh murach sin. Maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí a eascraíonn as STA, ba cheart tagairt do na bearta sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ábhartha ón gComhairle a áireamh sa cholún 'STA/PA' freisin. Ba cheart go bhfreagródh 'dáta cur chun feidhme beartaithe' don 'dáta cur chun feidhme beartaithe' le haghaidh gach céim, mar a áirítear sa mholadh ón gComhairle lena bhformhuinítear an plean meántéarmach. I gcomhréir leis na catagóirí tuairiscithe in FENIX, ba cheart a léiriú le 'céim stádais ar shéala a bheith déanta' le haghaidh gach céim cé acu atá nó nach bhfuil an chéim 'ar shéala a bheith déanta' (tá an chéim ar shéala a bheith déanta le cur i gcrích faoin dáta cur chun feidhme atá beartaithe), 'moillithe' (cuirfear an chéim i gcrích níos déanaí ná an dáta cur chun feidhme atá beartaithe, nach bhfuil caite go fóill tráth an tuairiscithe), 'críochnaithe' (tá an chéim curtha i gcrích), nó 'níl sí curtha i gcrích' (tá an dáta cur chun feidhme atá beartaithe caite faoi thráth an tuairiscithe, ach tá moill ar an gcéim nó is féidir/ní bheidh sí curtha i gcrích).

Ba cheart do APRanna tuairisciú ar chur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí eile a áirítear sa phlean meántéarmach. Ba cheart a áireamh sna APRanna APR Table 9, lena gcumhdaítear na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a liostaítear sna pleananna meántéarmacha atá beartaithe chun rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais agus ar na CSRanna ([40]). Ós rud é go ndéantar cur síos sa phlean meántéarmach ar ghníomhaíocht an Bhallstáit lena mbaineann chun míchothromaíochtaí a cheartú faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha trí aghaidh a thabhairt ar na CSRanna ábhartha, ba cheart tuairisc a thabhairt sa APR freisin ar an dul chun cinn atá déanta chun dul i ngleic leis na míchothromaíochtaí sin ([41]). Ba cheart leanúint den tuairisciú ar na bearta uile lena dtugtar aghaidh ar na CSRanna trí chomhéadan CeSaR ([42]). Ar mhaithe le trédhearcacht, ba cheart an tuarascáil achomair ar chur chun feidhme CSR arna giniúint ag CeSaR maidir le cur chun feidhme CSR a chur i gceangal le APR (féach Tábla I den Iarscríbhinn a ghabhann leis an treoraíocht seo). Ba cheart tuairisciú sa téacs a dhíriú ar na bearta sin ina ndearnadh gníomhaíochtaí beartais nua ó cuireadh isteach an APR is déanaí — agus athrá ar fhorbairtí a tuairiscíodh cheana a sheachaint. Go háirithe, nuair a mharcáiltear infheistíocht nó athchóiriú as an nua mar infheistíocht nó athchóiriú atá 'curtha i gcrích,' 'moillithe,' nó 'gan a bheith curtha i gcrích' i dAPR Table 9, ba cheart míniú *achomair* neamhspleách ar an athrú stádais a bheith san áireamh sa téacs APR. Ní gá tuilleadh sonraí ábhartha a chur san áireamh sa téacs ach amháin a mhéid nach bhfuil siad sin tuairiscithe cheana féin i mbunachar sonraí CeSaR. I gcás moilleanna, coigeartuithe, nó neamhchríochnú, ba cheart míniú a thabhairt i dtéacs APR freisin ar an gcaoi a bhfuil sé ar intinn ag an mBallstát na cuspóirí a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a bhaint amach go fóill.

([40]) I gcás Ballstáit ag a bhfuil síneadh ar an tréimhse choigeartaithe fhioscaigh, áirítear i dAPR Table 9 athchóirithe agus infheistíochtaí seachas na cinn atá mar bhonn taca faoin síneadh mar atá liostaithe sa mholadh ón gComhairle lena fhomhuinítear an plean meántéarmach, atá cumhdaithe i dAPR Table 8.

([41]) I gcás míchothromaíochtaí iomarcacha, féach an chéad roinn eile.

([42]) Is féidir rochtain a fháil ar chomhéadan CeSaR ag: https://webgate.ec.europa.eu/csr. Ar feadh shaolré STA, ba cheart don tuairisciú ar CeSaR díriú ar aghaidh a thabhairt ar na CSRanna sin nach gcumhdaítear leis na RRPanna.

Tábla APR 9

Dul chun cinn ar athchóirithe agus infheistíochtaí

		STA / PA	CSR	Tosaíochta í coiteanna	Stádas ar shéala a
1	Infheistíocht/athchóiriú A	"XX"	CSRX.X; MIP recommendation X	"XX"	Críochnaithe
...	...	...	...	...	...
X	Infheistíocht/athchóiriú X	"XX"	CSRX.X	"XX"	Moillithe

Nótaí: Ba cheart 'STA' a bheith ann sa cholún 'STA/PA' má tá an t-athchóiriú/infheistíocht faoi scáth RRP an Bhallstáit, 'PA' má thacaítear leis an athchóiriú/infheistíocht faoi scáth chomhaontú comhpháirtíochta an Bhallstáit agus bíodh sé folamh murach sin. Maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí a eascraíonn as STA, ba cheart tagairt do na bearta sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ábhartha ón gComhairle a áireamh sa cholún 'STA/PA' freisin. I gcomhréir leis na catagóirí tuairiscithe in FENIX, ba cheart a léiriú leis an 'stádas ar shéala a bheith déanta' maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an infheistíocht nó an t-athchóiriú 'ar shéala a bheith déanta' (tá an t-athchóiriú/infheistíocht ar shéala a bheith curtha i gcrích mar a bhí beartaithe), 'moillithe' (cuirfear an t-athchóiriú/infheistíocht i gcrích níos déanaí ná mar a bhí beartaithe agus níl an dáta cur i gcrích a bhí beartaithe istigh go fóill tráth an tuairiscithe), 'curtha i gcrích' (tá an t-athchóiriú/infheistíocht curtha i gcrích), nó 'gan bheith curtha i gcrích' (tá an dáta cur i gcrích atá beartaithe istigh tráth an tuairiscithe, ach tá moilleanna ar an athchóiriú/infheistíocht agus is féidir é a chur i gcrích/ní chuirfear i gcrích é), agus is iad na Ballstáit a roghnaíonn an chatagóir is dlúithe - dar leo - a chomhfhreagraíonn do staid na himeartha.

Ar feadh shaolré STA, ba cheart cur chun feidhme aon athchóiriúe agus infheistíocht STA a áirítear sna pleananna meántéarmacha a thuairisciú freisin sna APRanna (Airteagal 36) ([43]). Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta sin, i gcás ar bith, i gcomhthéacs STA. Ba cheart tuairisciú níos mionsonraithe maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí STA ná mar a bhí curtha san áireamh i dAPR Table 8 agus i dAPR Table 9 a chur ar fáil tríd an gcomhéadan FENIX, mar chuid de na hiarrataí íocaíochta agus tríd an tuairisciú leathbhliantúil faoi Airteagal 27 de Rialachán STA. Iarrtar ar na Ballstáit tuarascáil achoimre arna hasbhaint ó chomhéadan FENIX a chur san áireamh — lena n-áirítear an fhaisnéis tuairiscithe dhébhliantúil STA is déanaí (féach Tábla II den Iarscríbhinn a ghabhann leis an treoraíocht seo), mar cheangaltán leis an APR ([44]). I gcás athchóirithe agus infheistíochtaí a chumhdaítear i dAPR Table 8 agus i dAPR Table 9, ba cheart go ndíreodh tuairisciú sa téacs ar na bearta sin inar tugadh faoi ghníomhaíochtaí beartais nua ón uair a tíolacadh an APR is déanaí (nó, i gcás an chéad APR, ón uair a tíolacadh an plean meántéarmach) — agus athshonrú gan aon ghá forbairtí a tuairiscíodh cheana a sheachaint. Nuair a mharcáiltear infheistíocht nó athchóiriú mar 'curtha i gcrích,' 'moillithe,' nó 'gan a bheith curtha i gcrích' san APR, ba cheart míniú neamhspleách, ach achomair, a bheith san áireamh sa téacs. Anuas ar an míniú achomair, ní gá do théacs APR ach sonraí breise a chumhdach (maidir le hathchóirithe nó infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh agus atá curtha i gcrích, a bhfuil moill orthu nó nach bhfuil curtha i gcrích) a mhéid nach bhfuil an fhaisnéis sin curtha ar fáil cheana féin trí chomhéadan FENIX — i gcomhréir leis an gcur chuige a glacadh maidir le tuairisciú CeSaR thuas.

4.7. *Tuairisciú i gcás nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha*

I gcás nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha, ba cheart don APR tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí beartais arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí iomarcacha (APR Table 10). I gcás ina n-osclaítear an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha, feidhmíonn an plean meántéarmach athbhreithnithe freisin mar bheadh plean gníomhaíochta ceartaithí ann dá bhforáiltear faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha (Airteagal 31(3)). Ba cheart go leagfaí amach sa phlean ansin na gníomhaíochtaí beartais sonracha arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí iomarcacha — bunaithe ar mholadh ón gComhairle, lena n-áirítear amchlár do na gníomhaíochtaí sin. I gcás gach ceann de na gníomhaíochtaí sin, ba cheart don APR tuairisc a thabhairt ar an dul

([43]) Ní dhéanann an fhaisnéis a chuirtear ar fáil sna APRanna dochar do mheasúnú an Choimisiúin ar chomhlíonadh ceanglas sonrach faoin STA. I gcás ina dtuairiscítear san APR maidir le hathruithe ar bhearta a ndearnadh measúnú dearfach orthu cheana féin faoin STA, iarrtar ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na hathruithe sin sula gcuirfidh siad a APR isteach.

([44]) Ba cheart an tuarascáil achomair chaighdeánach a asbhaintear as comhéadan FENIX, lena n-áirítear na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí RRP uile (ní hamháin na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin a áirítear sna pleananna fioscacha-struchtúracha meántéarmacha), a chur i gceangal.

chun cinn a rinneadh, go háirithe ó bhí an APR deiridh ann (nó, i gcás an chéad APR, ón uair a tíolacadh an plean meántéarmach), agus a mhíniú cé acu atá siad nó nach bhfuil siad ar shéala a bheith déanta, moillithe, curtha i gcrích nó gan a bheith curtha i gcrích. I gcás gach gníomhaíocht a chuirtear i gcrích, ba cheart a mhíniú i dtéacs APR cén fáth a mheasann an Ballstát go bhfuil an t-athchóiriú nó an infheistíocht sin curtha i gcrích — i gcomhréir lena chuspóir. I gcás gach gníomhaíocht a bhfuil moill uirthi nó nach bhfuil curtha i gcrích, ba cheart a mhíniú i dtéacs an APR (i) cén fáth ar tharla an mhoill nó nár cuireadh i gcrích í, (ii) an raibh imthosca oibiachtúla ann lenar féidir na moilleanna sin a mhíniú, (iii) cad iad na pleananna chun breith suas ar an moill nó an dóigh nár cuireadh i gcrích í a leigheas, mar aon le heolas faoin amlíne ábhartha, agus (iv) tuairisc a thabhairt ar aon iarracht eile a rinneadh lena rannchuidítear go leordhóthanach le cuspóir na gníomhaíochta is ábhar faidhbe. Cé go gcuirfeadh APR stocáireamh bliantúil ar fáil, d'fhéadfaí faireachán agus tuairisciú gaolmhar a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha a dhéanamh lasmuigh de chomhthéacs APR freisin.

Tábla APR 10

Dul chun cinn ar athchóirithe agus infheistíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí iomarcacha (plean gníomhaíochta ceartaithí)

		An dáta dlite	Stádas ar rian
1	Infheistíocht/athchóiriú A	RX 20XX	Críochnaithe
...	...	...	...
X	Infheistíocht/athchóiriú X	RX 20XX	Ar shéala a bheith déanta

4.8. *Iarscríbhinní atá le cur san áireamh leis na APRanna*

Ba cheart go n-áireofaí sna APRanna tuairisciú atá cuimsitheach go leor maidir le cur chun feidhme na gníomhaíochta beartais chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach, agus mar fhreagairt ar thosaíochtaí coiteanna eile an Aontais ([45]). Moltar an fhaisnéis sin a áireamh in iarscríbhinní, ach féadfaidh na Ballstáit a roghnú freisin an fhaisnéis sin a chomhtháthú san APR féin. Ba cheart an fhaisnéis sin an tuairisciú ar chur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a pléadh thuas a chomhlánú. Ba cheart go gcuirfí forléargas cuimsitheach go leor ar fáil leis an bhfaisnéis sin ar fhreagairt bheartais an Bhallstáit ar na príomhdhúshláin fostaíochta, oideachais, scileanna agus shóisialta (mar a sainaithníodh sa Tuarascáil Tíre is déanaí agus sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, lena n-áirítear san anailís ón gCoimisiún ar rioscaí don chóineasú sóisialta aníos), rud a rannchuidíonn le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur i gcrích. Ba cheart an forléargas sin a chomhlánú le faisnéis atá le soláthar i dTábla III den Iarscríbhinn a ghabhann leis an treoraíocht seo. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart a áireamh sna hiarscríbhinní forléargas atá cuimsitheach go leor ar infheistíochtaí agus athchóirithe a cuireadh chun feidhme ó phleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (NECPanna) na mBallstát, arb iad is sainairíonna ann na cúig ghné den Aontas Fuinnimh (dícharbónú, éifeachtúlacht fuinnimh, slándáil fuinnimh, an margadh inmheánach fuinnimh, taighde, nuálaíocht agus iomaíochas), agus a dtionchar (measta) ar dhícharbónú, i gcás inarb infheidhme. Chun an t-ualach riaracháin a íoslaghdú, ba cheart crostagairt do thuarascálacha débhliantúla ar dhul chun cinn na NECPanna — i bhfianaise a n-ábharthachta do chomhthosaíocht an Aontais maidir leis an aistriú glas agus fuinnimh agus do Threochláir Straitéiseacha Náisiúnta maidir leis an Deacáid Dhigiteach — nó d'aon doiciméad níos déanaí ina dtuairiscítear ar bheartais agus ar bhearta ábhartha a áireamh sna hiarscríbhinní sin a ghabhann leis an APR. Sna hiarscríbhinní sin, moltar do na Ballstáit freisin tuairisciú a dhéanamh ar thionchar sonrach na mbeart beartais aeráide agus na mbeart a rinneadh chun spriocanna agus cuspóirí na Deacáide Digití a bhaint amach atá mar chuid de na gealltanais faoi na pleananna fioscacha-struchtúracha meántéarmacha. Maidir leis an tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo an aistrithe dhigitigh, ba cheart do na Ballstáit comhsheasmhacht a áirithiú lena dtuairisciú ar dhul chun cinn digiteach chuig an gCoimisiún chun críocha an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI) agus chun faireachán a dhéanamh ar an Deacáid Dhigiteach. Ina theannta sin, moltar do na Ballstáit crostagairt a dhéanamh sna hiarscríbhinní sin do na sonraí is déanaí a tarchuireadh chuig an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme chistí an bheartais comhtháthaithe, chomh maith le tuairisciú ar an dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt ar na príomh-éagothromaíochtaí ar leagadh béim orthu i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

Leanfar d'úsáid a bhaint as CeSaR chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na CSRanna ag an mBallstát i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Ba cheart an tuarascáil achomair a ghineann CeSaR maidir le cur chun feidhme CSR (féach Tábla I den Iarscríbhinn a ghabhann leis an treoraíocht) a chur i gceangal leis an APR. Ar an gcaoi chéanna, le linn shaolré STA, iarrtar ar na Ballstáit an tuarascáil achomair a asbhaintear as FENIX (féach Tábla II den Iarscríbhinn a ghabhann leis an treoraíocht seo) a chur i gceangal leis an APR.

([45]) Tagraíonn siad sin do na tosaíochtaí seo a leanas: (i) aistriú cothrom glas agus digiteach, lena n-áirítear comhsheasmhacht leis an Dlí Aeráide Eorpach; (ii) athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta; (iii) slándáil fuinnimh; agus (iv) i gcás inar gá, cumais chosanta a neartú.

IARSCRÍBHINN

Tábla I

TUAIRISCIÚ Ó BHALLSTÁT ARNA EISEACHADADH Ó CeSaR

CSR.Bliain.Uimh.

CSR Bliain Fochuid Uimh.: Téacs CSR

Bearta	
Iontráil 1	
Iontráil 2	
Nótaí	
Iontráil 1	
Iontráil 2	
Staid na himeartha	
Iontráil 1	
Iontráil 2	

Tábla II

TUAIRISCIÚ Ó BHALLSTÁT ARNA EISEACHADADH Ó FENIX

(le híoslódáil ó FENIX - roghnach)

Fochuid CSR	Ainm an bhirt	Garsprioc/spriocainm	Dáta dlite (Ráithe)	Stádas in Fenix

'Tábla III

TUAIRISCIÚ AR CHUR CHUN FEIDHME CHOLÚN EORPACH NA gCEART SÓISIALTA: PRÍOMHBHEARTA AGUS AN TIONCHAR A MHEASTAR A BHEIDH ACU

Prionsabal an cholúin	Liosta de na príomhbhearta rannchuiditheacha	Tionchar measta na mbeart (cáilíochtúil agus/nó cainníochtúil)
1. Oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil	1. 2. 3.	
2. Comhionannas inscne	1. 2. 3.	
3. Comhdheiseanna	1. 2. 3.	

4.	Tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht	1. 2. 3.	
5.	Fostaíocht shlán inoiriúnaithe	1. 2. 3.	
6.	Tuarastal	1. 2. 3.	
7.	Faisnéis faoi choinníollacha fostaíochta agus cosaint i gcás dífhostaithe	1. 2. 3.	
8.	Idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht oibrithe	1. 2. 3.	
9.	Cothromaíocht oibre is saoil	1. 2. 3.	
10.	Timpeallacht oibre shláintiúil shábháilte atá curtha in oiriúint i gceart don oibrí agus cosaint sonraí	1. 2. 3.	
11.	Cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí	1. 2. 3.	
12.	Cosaint shóisialta	1. 2. 3.	
13.	Sochair dhífhostaíochta	1. 2. 3.	
14.	Ioncam íosta	1. 2. 3.	
15.	Ioncam seanaoise agus pinsin	1. 2. 3.	
16.	Cúram sláinte	1. 2. 3.	
17.	Daoine faoi mhíchumas a chuimsiú	1. 2. 3.	
18.	Cúram fadtéarmach	1. 2. 3.	

19.	Tithíocht agus cúnamh do dhaoine gan dídean	1. 2. 3.	
20.	Rochtain ar sheirbhísí riachtanacha	1. 2. 3.	

Tábla IV

TUAIRISCIÚ MAIDIR LEIS NA SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE: TUAIRISC AR NA PRÍOMHBHEARTA AGUS AR AN TIONCHAR A MHEASTAR A BHEIDH ACU

SFI		Liosta de na príomhbhearta rannchuiditheacha	Tionchar measta na mbeart (cáilíochtúil agus/nó cainníochtúil)
1.	Deireadh leis an mbochtaineacht	1. 2. 3.	
2.	Deireadh leis an ocras	1. 2. 3.	
3.	Sláinte mhaith agus folláine	1. 2. 3.	
4.	Oideachas ar ardchaighdeán	1. 2. 3.	
5.	Comhionannas inscne	1. 2. 3.	
6.	Uisce glan agus sláintíocht	1. 2. 3.	
7.	Fuinneamh glan inacmhainne	1. 2. 3.	
8.	Obair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch	1. 2. 3.	
9.	An tionscal, an nuálaíocht agus an bonneagar	1. 2. 3.	
10.	Neamhionannais laghdaithe	1. 2. 3.	
11.	Cathracha agus pobail inbhuanaithe	1. 2. 3.	
12.	Tomhaltas agus táirgeadh freagrach	1. 2. 3.	

13. Gníomhú ar son na haeráide	1. 2. 3.	
14. An bheatha faoin uisce	1. 2. 3.	
15. An bheatha ar talamh	1. 2. 3.	
16. Síocháin, ceartas agus institiúidí láidre	1. 2. 3.	
17. Comhpháirtíochtaí do na spriocanna	1. 2. 3.	